An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation



# Tuarascáil Bhliantúil 2011

## Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Réamhfhocal ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton T.D. ……………….……… | 2 |
| Réamhrá le John Murphy, Ard-Rúnaí, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta… | 3 |
| Príomhnithe a baineadh amach I 2011 maidir le Spriocanna ár gClár Straitéiseach ………………………. | 5 |
| Fiontraíocht a chur chun Tosaigh………………………………………………………………………………………. | 5 |
| Feabhsú Iomaíochais agus Rochtana ar Airgeadas............................................................................................ | 7 |
| Fobairt Fiontraíochta agus Jabanna ………………………………………………………………………………………. | 10 |
| Easpórtálacha a Mhéadú ………………………………………………………………………………………. | 13 |
| Rialáil………………………………………………………………………………………………………………………………. | 14 |
| Nuálaíocht……………………………………………………………………………………………………………………………… | 22 |
| Earnálacha le hAcmhainneacht a Fhorbairt ……………………………………………………………………………………………………………… | 26 |
| Straitéis a Sholáthar agus Athrú a Bhainistiú………………………………………………………………………………….. | 28 |
| Aguisín 1: Clár Comhardaithe ar an 31 Nollaig 2011 ……………………………………………………………. | 30 |
| Aguisín 2: Billí a Foilsíodh i 2011 ……………………………………………………………………………………………… | 35 |
| Aguisín 3: Ionstraimí Reachtúla a déanadh i rith 2011 ......................................................................................... | 35 |

# Réamhfhocal ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton T.D.

Seo é an chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn a chuir Ard-Rúnaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi mo bhráid mar Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Tháinig mé chun na Roinne tar éis athrú Rialtais i Márta 2011. D'fhonn béim a chur ar a thábhachtaí atá Jabanna don Rialtas seo, rinne an Taoiseach an Roinn a athainmniú agus chuir Jabanna chun tosaigh i mo theideal féin agus i dteideal na Roinne. Tá cruthú agus cosaint jabanna i gcroílár Straitéise mo Roinne anois.

Ó tháinig mé chun oifige i Márta 2011, d'oibrigh mé le mo chomhghleacaithe Aireachta, an tAire John Perry, TD., Aire Mionghnóthaí agus an tAire Seán Sherlock, T.D., Aire Taighde agus Nuálaíochta, in éineacht leis an Ard-Rúnaí agus a réamhtheachtaí agus le foireann uile na Roinne leis na tiomantais a tugadh i gClár an Rialtais, a tháinig faoinár gcúram, a sholáthar, chomh maith le Ráiteas Straitéise a fhorbairt a chlúdaíonn an tréimhse go dtí 2014.

Déanadh mórán oibre i rith 2011, ar a n-áirítear Tionscnamh Jabanna a bhí mar phlean don chéad 100 lá in oifig agus an Plean Gníomhaíochta do Jabanna. D'oibrigh an fhoireann sa réimse a bhaineann le cearta fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch ar mhórchlár nuachóirithe agus cuíchóirithe do na hinstitiúidí éagsúla, ar na próisis agus na nósanna imeachta dár bhfeidhmeanna caidrimh san ionad oibre, agus táthar ag leanúint leis an obair seo.

Tuigim nach mbíonn tuairisc ar mhórán d'obair laethúil mo Roinne sna ceannlínte ach tá sí fíorthábhachtach maidir le hardchaighdeán ár bhfiontar a choimeád. Déanann mórán d'fhoireann na Roinne róil, feidhmeanna agus dualgais reachtúla a chomhlíonadh, chomh maith le tacaíocht a sholáthar d'Aonaid Ghnó agus sa réimse a bhaineann le rialachas corparáideach.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil le foireann na Roinne, na nOifigí agus na nGníomhaireachtaí atá faoina coimirce, a d'oibrigh go dian agus atá ag obair go dian i gcónaí le haidhmeanna ár mbeartas a fhorfheidhmiú. Tuigim go n-éilíonn mórán dár gcuspóirí tacaíocht tras-Rialtais agus tras-Rannach agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil as iarrachtaí mo chomhghleacaithe sa Rialtas, foireann na hearnála poiblí agus leo siúd sa phobal níos leithne a chabhraigh linn ár misean a bhaint amach maidir le tacú le jabanna maithe a chruthú trí thimpeallacht iomaíoch gnó a chur chun cinn ina mbíonn fiontair ag feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde agus iad ag fás i margaí inbhuanaithe.

Richard Bruton T.D.

An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta

# Réamhrá le John Murphy, Ard-Rúnaí, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2011 don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a chur i láthair. Déanann an tuarascáil seo mo dhualgais faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 a chomhlíonadh, ar bhealach foirmeálta, le tuarascáil bhliantúil a sholáthar don Aire ar dhul chun cinn fhorfheidhmiú an Ráitis Straitéise.

Ar chuma an Aire, chuaigh mise chun na Roinne freisin i 2011. D'oibrigh mo réamhtheachtaí, Seán Gorman, go dtí go ndeachaidh sé ar scor, le Clár an Rialtais a chur i bhfeidhm agus le forbairt a déanamh ar Ráiteas Straitéise 2011-2014. Is i gcoinne na Straitéise seo, a thiomsaíonn tiomantais ábhartha Chlár an Rialtais, chomh maith leis na tiomantais atá i bPlean um Athchóiriúna Seirbhíse Poiblí (a foilsíodh ar an 17 Samhain 2011) agus an Meabhrán Tuisceana athcheartaithe atá ag Éirinn leis an AE agus an IMF, a dhéanaim tuairisciú anois.

I rith 2011, tharla roinnt athruithe ar struchtúr agus eagraíocht na Roinne, le haistriú ar eilimintí den fheidhm maidir le Trádáil a Chur Chun Cinn á n-aistriú chuig an Roinn Gnóthaí Eachtracha, agus athrú ar an ainm ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go dtí an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta le teacht leis an athbhéim ar jabanna. Bunaíodh Rannóg Iomaíochais agus Jabanna laistigh den Roinn leis an dá chlár oibre tábhachtach seo a thiomáint agus le cabhrú leis an Aire ina chuid oibre ar an Tionscnamh Jabanna agus ar an bPlean Gníomhaíochta do Jabanna.

Leagadh mórán de na bloic thógála do 2012 i rith 2011. I 2011 rinneamar obair ar reachtaíocht a dhréachtú le dlí na hiomaíochta a neartú. Déanadh dul chun cinn suntasach freisin maidir le nuachóiriú a dhéanamh ar chaidreamh san ionad oibre, ar institiúidí, próisis agus nósanna imeachta le béim ar rochtain a éascú dár gcustaiméirí agus le cosaint a dhéanamh ar a gcearta agus a dteidlíochtaí fostaíochta.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin le buíochas a ghabháil le foireann na Roinne, a hOifigí agus a Gníomhaíochtaí as a gcuid oibre dian. In éineacht lenár gcomhghleacaithe ar fud an Rialtais agus ár bpáirtithe leasmhara éagsúla, leanfaimid le feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó ar bhealach a thacaíonn le fiontair d'fhonn a n-acmhainneacht a bhaint amach. Creidim go gcinnteoidh seo gur ann do chreat le jabanna a choimeád agus a chruthú. Ag féachaint chun tosaigh dúinn táimid chun leanúint le hobair a dhéanamh ar ár misean straitéiseach agus ár spriocanna a bhaint amach d'fhonn ár mandáid a thabhairt i gcrích do gach saoránach.

John Murphy

Ard-Rúnaí

# Misean

Tacú le jabanna maithe a chruthú trí fhorbairt timpeallachta iomaíoch gnó a chur chun cinn ina mbíonn fiontair ag feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde agus iad ag fás i margaí inbhuanaithe.

## Spriocanna Ár gClár Straitéiseach

Ag teacht le Clár an Rialtais agus d'fhonn ár misean a bhaint amach, tá spriocanna uaillmhianacha straitéiseacha cláir leagtha síos againn.

### Fiontraíocht a chur chun Tosaigh:

Go mbeadh Éire ar an tír bheag is fearr le gnó a dhéanamh inti agus agus an tacaíocht is leithne laisitgh den rialtas agus lasmuigh de a fháil chun na críche sin.

### Feabhsú Iomaíochais agus Rochtana ar Airgeadas:

An buntáiste iomaíochta atá riachtanach le taca a chur le geilleagar rathúil, beag, oscailte a thabhairt ar ais.

### Fobairt Fiontraíochta agus Jabanna:

Uasmhéadú a dhéanamh ar fhás fostaíochta trí fhorbairt a dhéanamh ar bhonn láidir fiontair dhúchasach, infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh, agus gréasáin fhorbartha tras-fhiontair a fhorbairt.

### Easpórtálacha a Mhéadú:

Tacaíocht a thabhairt d'fhiontair le spriocanna dúshlánacha easpórtála a bhaint amach.

### Rialáil:

Na margaí, ar a n-áirítaer na margaí fistaíochta, a dhéanamh níos éifeachtaí trí Rialáil níos cliste a spreagann nuálaíocht, iomaíocht ghéar, ardchaighdeáin chomhlíonta agus cosaint tomhaltóirí ach gan costais rialacháin nach bhfuil gá leo.

### Nuálaíocht:

Straitéis nuálaíochta le bonn leathan faoi a fhorbairt d'fhonn go mbeadh ár bhfiontair níos iomaithí.

### Earnálacha le hAcmhainneacht a Fhorbairt :

Tosaíocht a thabhairt d'earnálacha ina bhfuil deiseanna agus bacanna a bhaint go rianúil agus polasaithe cumasúcháin a fhorbairt.

# Príomhnithe a baineadh amach I 2011 maidir le Spriocanna ár gClár Straitéiseach a thabhairt i gcrích

Tá spriocanna ár gclár straitéiseach ag teacht le réimse ár dtiomantas sa Chlár don Rialtas, i bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, i gComhaontú na Seirbhíse Poiblí agus i gComhaontú an Troika ar an gClár le Tacú le hÉirinn laistigh den AE/IMF. Tá cuid de phríomhghníomhaíochtaí na Roinne agus a gníomhaireachtaí i rith 2011, a chuir le soláthar spriocanna ár gclár straitéiseach, leagtha amach sa Tuarascáil seo.

# Fiontraíocht a chur chun Tosaigh

Is é sprioc an chláir straitéiseach le Fiontraíocht a chur chun Tosaigh ná go mbeadh Éire ar an tír bheag is fearr le gnó a dhéanamh inti agus agus an tacaíocht is leithne laisitgh den rialtas agus lasmuigh de a fháil chun na críche sin.

D'fhonn an sprioc seo a bhaint amach tá gá le dianchaidreamh le Ranna eile ar réimse ceisteanna ar fud an Rialtais, agus ag leibhéal an AE, go mbeadh rath ar an straitéis seo.

Tá ról ról tosaíochta ag an Roinn maidir le príomhchuspóirí an Rialtais, ar a n-áirítear deiseanna le jabanna a chruthú, ualach riglisnéise ar ghnó, tacaíochtaí fiontraíochta, na cláir oibre taighde agus nuálaíochta, polasaí trádála, dúshláin iomaíochais, agus rochtain ar airgeadas do ghnó a laghdú.

Ag leibhéal an AE, tá ról tosaíochta agus comhordaithe ag an Roinn maidir le hIomaíochas, Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Comhairlí Trádála, agus í i gceannas ar ionadaíocht na hÉireann ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), agus an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI). Tá suntas ar leith ag baint lenár rannpháirtíocht ag leibhéal an AE i gcomhthéacs na n-ullmhúchán d'Úachtarántacht na hÉireann sa chéad leath de 2013.

## Tionscnamh Jabanna Bealtaine 2011

Éilíonn ár misean go dtabharfaimís tacaíocht do jabanna maithe a chruthú, agus tá spriocanna ár gclár straitéiseach dírithe ar thacú leis an gcuspóir uileghabhálach seo. Bhí Tionscnamh Jabanna an Rialtais, Bealtaine 2011, dírithe ar éileamh a spreagadh agus tacú le cruthú agus coimeád jabanna. Tá roinnt céimeanna sa Tionscnamh Jabanna seo a thagann faoi shainchúram na Roinne seo agus a chuireann le comhlíonadh ár misean. Áirítear sna tionscnaimh nua cruthú scéim páirt-ráthaíochta creidmheasa sealadach a chruthú, ciste iasachta micrimhaoinithe a fhorbairt agus an íoc pras 15 lá a shíneadh chuig gach Comhlacht Rialtais (lasmuigh de chomhlachtaí stát-tionscanta tráchtála).

Bhí tiomantais sa Tionscnamh Jabanna freisin maidir le mór-athchóiriú ar an gcóras d'Orduithe Rialaithe Fostaíochta agus Comhaontuithe Cláraithe Fostaíochta, le leanúint le hobair dírithe ar an ualach riaracháin ar lucht gnó a laghdú agus tabhair faoi chostais sna hearnálacha costanta den

gheilleagar. Ina theannta sin, fógraíodh scéim táille an aimsitheora do Dhiaspóra na hÉireann. Sa bhreis ar an tiomantas cur chun cinn a dhéanamh ar rochtain níos fearr ar dheiseanna soláthair do SMEs, bhunaigh an Roinn Grúpa Stiúrtha de chomhpháirtithe iomchuí sa réimse soláthair poiblí.

## Forbairt ar an bPlean Gníomhaíochta do Jabanna

I mí Iúil 2011, chuir an tAire Bruton in iúl go raibh sé ar intinn aige Plean Jabanna a ullmhú. D'oibrigh an Roinn agus a gníomhaireachtaí leis an Aire ar an tionscadal seo i rith an dara leath de 2011. Áiríodh ar seo dul i gcomhairle le réimse de Ranna Rialtais eile agus le hionadaithe ó thionsclaíocht. Is í aidhm an Phlean, ina bhfuil os coinn 270 gníomhaíocht i gceist atá le cur i bhfeidhm i 2012 ag gach ceann de na 15 Roinn Rialtais chomh maith le 36 Gníomhaireacht Stáit, ná feabhas a chur ar an timpeallacht oibre do ghnólachtaí beaga agus bacanna ar fhostaíocht a chruthú a bhaint ar fud an gheilleagair.

Tagann an Plean Gníomhaíochta do Jabanna leis an athchóiriú níos leithne (mar shampla, athstruchtúrú bainc agus athchóiriú na hearnála poiblí) atá rachtanach le borradh a chur faoi fhás geilleagrach agus leis an tír a chur ag obair arís. Tá spriocanna leagtha síos ag an bPlean Gníomhaíochta maidir le tacú le 100,000 jab nua thar an tréimhse go dtí 2016, leis an gcuspóir fadtéarmach go mbeadh dhá mhilliún ag obair faoi 2020 mar chuid de sprioc an Rialtais go mbeadh Éire ar an tír bheag is fearr le gnó a dhéanamh inti. Is cuid lárnach de chuspóir an Phlean Gníomhaíochta é na jabanna atá ann a choimeád.

Tá mionliosta leis an bPlean de na mórchéimeanna atá ag teastáil le gach gníomhaíocht a chur i bhfeidhm. Aithníonn sé an comhlacht Rialtais a bhfuil freagracht air maidir le gach gníomhaíocht a chur i bhfeidhm agus an t-aga ina ndéanfar gach céim a sholáthar. Tá ról lárnach ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na ngníomhaíochtaí trí ionadaíocht agus comhordú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta don Choiste Monatóireachta Jabanna le Roinn an Taoisigh.

## Imeachtaí Trádála Thar Lear

I rith 2011, bhí an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton T.D., i mbun dhá mhisean infheistíochta, le hurraíocht ón IDA, chuig na Stáit Aontaithe.

(i) Cósta Thiar na Stát Aontaithe ón 12ú Meitheamh go dtí an 17ú Meitheamh
(ii) Bostún agus Nua-Eabhrac ón 30ú Deireadh Fómhair go dtí an 4ú Samhain

Ba é príomhchuspóir na gcuairteanna ná margaíocht a dhéanamh ar son na hÉirann mar ionad oiriúnach le gnó a dhéanamh do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe ar mhian leo infheistíocht a dhéanamh agus an n-infheistíocht thar lear a mhéadú. Ba dheis a bhí ann freisin le tuilleadh feabhais agus forbartha a dhéanamh ar chomhchaidreamh na hÉireann le cuideachtaí sna Stáit Aontaithe atá ag feidhmiú anseo cheana féin.

I rith an chláir, bhuail an tAire Bruton le Cathaoirligh, POFanna agus le feidhmeannaigh sinsearacha eile chuideachaí atá chun tosaigh i ngach earnáil. I gcaitheamh an dá chuairt, bhí cruinnithe indibhidiúla ag an Aire le 41 cuideachta ar leith, 22 acu ar an gCósta Thiar agus 19 idir Bostún agus Nua-Eabhrac.

Ó tharla na cruinnithe sin, rinne an IDA fógraí maidir le 11 de na cuideachtaí sin le hacmhainn os cionn 1,000 jab a chruthú. Mar sin féin, níl sé indéanta gaol díreach a dhéanamh amach idir líon na jabanna a cruthaíodh nó an infheistíocht a fuarthas in aon bhliain ar leith agus na cainteanna/margaíocht a déanadh an bhliain sin. Is próiseas casta é FDI a ghiniúint a tharlaíonn thar thréimhse ama agus níor ghá go gcríochnófaí láithreach é i ndiaidh Mhisin Infheistíochta.

Tá gníomhaíochtaí substaintiúla agus luachmhara in Éirinn ag cuid de na cuideachtaí ar bhuail an tAire leo, agus dhírigh na cruinnithe sin ar fhostaíocht na gcuideachtaí a choimeád, a mhéadú agus a dhaingniú anseo. Do chuideachaí nach bhfuil láithreacht acu in Éirinn bhí an fócas ar Éire a chur chun cinn már ionad dá ngníomhaíochtaí beartaithe infheistíochta in aghaidh iomaíocht ghéar ó áiteanna eile ar fud an domhain.

## Ullmhúchán d'Úachtarántacht an AE 2013

I 2011 thosaigh an Roinn ar ullmhúchán a dhéanamh le dul i mbun Uachtarántachta an Aontais Eorpach i mí Eanáir 2013. Tá tábhacht ar leith ag baint don Roinn le cláir oibre Iomaíochais, Taighde agus Forbairt, Fostaíocht agus Trádáil. Beimíd ag obair trí fhormáidí ábhartha Chomhairle an AE d'fhonn a chinntiú gur féidir an Uachtarántacht a úsáid le céimeanna a chur chun cinn a chruthóidh jabanna agus fás inbhuanaithe geilleagrach san Eoraip.

De na formáidí reatha de Chomhairle na nAirí, tá freagracht tosaíochta ar an Roinn seo maidir le trí cinn acu, is iad sin:

- An Chomhairle Iomaíochais (ceisteanna a bhaineann le Taighde, Tionsclaíocht agus an Margadh Inmheánach)
- An Chomhairle Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí
- An Chomhairle um Ghnóthaí Eachtracha (Trádáil)

Tugtar tacaíocht do na Comhairlí seo, agus tá nasc acu le réimse de Ghrúpaí Oibre, Grúpaí comhairleacha agus Coistí forfheidhmithe faoi chathaoirleacht na Comhairle agus cathaoirleacht an Choimisiúin. D'fhreastal oifigigh ón Roinn ar na cruinnithe seo ar bhonn rialta i gcaitheamh na bliana.

# Feabhsú Iomaíochais agus Rochtana ar Airgeadas

Tá fás inbhuanaithe ar an ngeilleagar ag braith ar iomaíochas náisiúnta a choimeád. Is príomhchinntitheach é iomaíochas na hÉireann ar ár gcumas earraí agus seirbhísí a dhíol ar an margadh domhanda agus infheistíocht isteach a mhealladh.

Baineann sprioc ár gclár straitéiseach maidir le *Feabhas a chur ar Iomaíochas agus Rochtain ar Airgeadas* leis an mbuntáiste iomaíochta atá riachtanach le taca a chur le geilleagar rathúil, beag, oscailte a thabhairt ar ais.

Tá rochtain ar airgeadas riachtanach d'fhorbairt earnála fiontraíochta dúchais atá láidir agus le filleadh ar fhás sa gheilleagar sa bhaile. Tá sé riachtanach freisin le margaí iomaíocha a chur chun cinn sna seirbhísí atá riachtanach do ghnó agus le rialacháin níos cliste a chur chun cinn.

## Rochtain SME ar Chonarthaí Soláthair Phoiblí

Mar chuid dá tiomantas faoi Chlár an Rialtais agus an Tionscnamh Jabanna, bhunaigh an Roinn agus rinne sí cathaoirleacht ar Ghrúpa Stiúrtha i mí Iúil 2011 le scrúdú a dhéanamh ar conas feabhas a chur ar rochtain ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ar sholáthar poiblí. Ar an nGrúpa Stiúrtha bhí príomhpháirtithe leasmhara sa réimse soláthair, ar a raibh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (SNS), Fiontraíocht Éireann agus Idir-Thrádáil Éireann. Bhí sé mar chúram ar an nGúpa féachaint ar na bacanna a bhí ann do ghnóthais bheaga agus iad ag déanamh tairisceana do chonarthaí poiblí agus gníomhaíochtaí a aithint le haghaidh a thaibhairt ar na bacana sin.

Rinne an Grúpa Stiúrtha sraith céimeanna a fhorbairt a bheadh le háireamh i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais do Jabanna. Áiríodh orthu seo Tionscnamh Nuálaíochta Soláthair a sholáthraíonn deiseanna do SMEs réiteach nuálach a sholáthar do riachtanais na hearnála poiblí agus forbairt ar dheiseanna slabhra soláthair do SMEs trí phainéil d’fhochonraitheoirí a bhunú.

## Scéim Ráthaíochta Creidmheasa

Déanadh obair ar Scéim Páirt-Ráthaíochta Creidmheasa Sealadach a fhorbairt i rith na bliana agus, i ndiaidh sraith de chruinnithe ag páirtithe leasmhara, rinne an Rialtas faomhadh ar dhearadh críochnaithe ar an 22ú Samhain 2011. Thug an Rialtas faomhadh don Rialtas le hIarratas ar Thairiscintí a eisiúint do Chomhlacht Oibriúcháin don Scéim le ceadú d’fheidhmiú céimneach na Scéime i 2012. Thosaigh an Roinn freisin ar reachtaíocht phríomha a ullmhú (an Bille um Ráthaíocht Chreidmheasa) d’fhonn an soláthar riachtanach reachtúil a dhéanamh don scéim i rith 2011.

Soláthraíonn an Scéim Ráthaíochta do bhreis iasachtaithe féideartha suas le €150m in aghaidh na bliana do SMEs incháilithe. Tugann an Scéim aghaidh ar theipeanna sonracha margaidh a chuireann cosc ar bhainc iasacht a thabhairt do roinnt fiontar bheaga agus mheánmhéide atá inmharthana ó thaobh tráchtála de, trí ráthaíocht Stáit de 75 faoin gcéad a sholáthar do bhainc in aghaidh chaillteanais ar iasachtaí incháilithe.

## Scéim Chiste na nIasachtaí do Mhicreathionscadail

Ar an 24ú Samhain 2011, cheadaigh an Rialtas go mbunófaí Ciste na nIasachtaí do Mhicreathionscadail agus leithdháileadh de €10m mar shíolchaipiteal don chiste. Ceapadh go dtabharfadh seo timpeall €100mm breise in iasachtaí do mhicreathionscadail a bheadh chun leasa timpeall le 5,000 gnó thar thréimhse 10 mbliana. Soláthraíonn an Ciste iasachtaí suas le €25,000 do ghnólachtaí nuathionscanta, nuabhunaithe, nó micreathionscadail atá ag fás le tograí gnó inmharthana nach sásaíonn na gnáthchritéir riosca a chuireann na bainc i bhfeidhm.

## Clár Síolchaipitil agus Fiontair Fhiontraíocht Éireann 2011

Léirigh tuarascáil ar Chlár Síolchaipitil agus Fiontair Fhiontraíocht Éireann go ndearna comhlachtaí caipitil fiontair na hÉireann 131 infheistíocht i 93 cuideachta ar luach €60m i 2011, d'ainneoin na gcuinsí dúshlánacha eacnamaíochta do chúrsaí gnó. B'ionann seo agus méadú 43 faoin gcéad ar luach infheistíochtaí i 2010. Ba thoradh suntasach a bhí anseo, ag teacht le feidhmíocht láidir lucht easpórtála na hÉireann i 2011 agus leis an méadú ar líon na ngnólachtaí nuathionscanta nuálacha ar thacaigh Fiontraíocht Éireann leo i rith na bliana.

## Síneadh leis an Riail um Íoc Pras 15-Lá

Bhí geallta ag an Rialtas, faoi Chlár Tacaíochta an AE/IMF, síneadh a chur leis an riail um íoc pras 15 lá chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Údaráis Áitiúla, Gníomhaireachtaí Stáit agus gach comhlacht eile san earnáil phoiblí faoi Mheitheamh 2011. Caithfear sonraisc bhailí a fhaightear ar nó i ndiaidh an 1ú Iúil 2011 a íoc laistigh de 15 lá. Rinne an Rialtas faomhadh freisin ar an dualgas ar na Ranna agus ar chomhlachtaí na hearnála poiblí tuairisciú go ráithiúil le héascú a dhéanamh ar thrédhearcacht agus monatóireacht ar fheidhmíocht na n-íocaíochtaí.

Faoi na socruithe nua, tá ar na máthair-Ranna tuarascáil ilchodach a fhoilsiú go ráithiúil ar a suíomh gréasáin ag clúdach na gcomhlachtaí sin atá faoina gcúram. Tá ar na comhlachtaí indibhidiúla atá clúdaithe ag an socrú seo a dtuarascálacha ráithiúla féin a fhoilsiú freisin ar a suíomh gréasáin. Foilsíonn an Roinn na tuarascáin seo do gach roinn rialtais ar bhonn ráithiúil. Foilsítear tuarascáin na ngníomhaireachtaí stáit atá faoi chúram na Roinne ar bhonn ráithiúil freisin.

## Caidreamh Tionsclaíoch
## Athchóiriú ar an JLC/REA

Is é sprioc ár gclár straitéiseach maidir le Feabhas a chur ar Iomaíochas agus Rochtain ar Airgeadas leis an mbuntáiste iomaíochta atá riachtanach le taca a chur le geilleagar rathúil, beag, oscailte a thabhairt ar ais. Ceann de na meicníochtaí atá ann len é sin a bhaint amach ná a chinntiú go mbíonn na próiseis reachtúla le pá a shocrú freagrach, solúbtha, cóir agus oiriúnach don fheidhm. Cuireadh tús le hathbhreithniú neamhspleách ar mheicníochtaí reachtúla socraithe pá an Chomhchoiste Oibreachais (CCO) agus an Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe i mí Feabhra 2011, a rinne Kevin Duffy, Cathaoirleach na Cúirte Oibreachais, agus é ag feidhmiú ar bhonn ad hoc, i gcomhpháirtíocht leis an Dr. Frank Walsh, Scoil na hEacnamaíochta, UCD, faoi théarmaí tagartha ar leith.

Ba thiomantas a bhí san athbhreithniú faoi chlár an AE/IMF a rinne soláthar, ní amháin do chomhaontú ar na téarmaí tagartha, ach freisin ar chainteanna leantacha le Coimisiún na hEorpa ar an gclár gníomhaíochtaí ag teacht chun cinn. Ba í príomhchonclúid an Athbhreithnithe ná, cé gur chóir go gcoimeádfaí bunchreat an chórais rialaithe JCL/REA reatha, ba ghá ollchóiriú radaca ó bhonn

a dhéanamh ar an gcóras go mbeadh sé níos freagraí d'athrú ar chúinsí eacnamaíochta agus riocht an mhargaidh oibre.

Foilsíodh An Bille Caidrimh Thionscail (Leasú) (Uimh. 3) i mí na Nollag 2011. Ba í aidhm an Bhille athchóiriú a chur i bhfeidhm ar mheicníochtaí socraithe pá an JLC agus REA a d'aontaigh an Rialtas. Ceapadh an Bille le haghdh a thabhairt ar na moltaí athchóirithe atá i dtuarascáil Duffy/Walsh dírithe ar ollchóiriú ó bhonn a dhéanamh ar an gcóras go mbeadh sé níos cóire agus níos freagraí d'athrú ar chúinsí eacnamaíochta agus riocht an mhargaidh. Ba é a bhí i gceist córas láidir a thabhairt ar ais le daoine a oibríonn in earnálacha áirithe a chosaint, mar fhreagra ar rialú na hArd-Chúirte sa dúshlán bunreachtúil a bhain le John Grace Fried Chicken.

**Laethanta Caillte de bharr Díospóide Tionsclaíoch i 2011**

| Bliain | Iomlán laethanta caillte |
|---|---|
| 2011 | 2,451 |
| 2010 | 6,602 |
| 2009 | 329,593 |

**Tarchur chun na Cúirte Oibreachais**

| Catagóir | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| Cásanna maidir le Caidreamh Tionsclaíoch | 807 | 993 |
| Cásanna maidir leis an Acht um Eagrú Ama Oibre | 248 | 279 |
| Cásanna maidir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair | 24 | 16 |
| Cásanna Comhionannais | 65 | 88 |
| Cásanna maidir leis an Acht um Obair Théarma Shocraithe | 67 | 45 |
| Cásanna maidir leis an Acht um Pá Íosta Náisiúnta | 24 | 21 |
| Cásanna maidir le hObair Pháirtaimseartha | 13 | 10 |

**Tarchur chuig an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais**

| Catagóir | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| Idir-réiteach – Tarchur | 1,155 | 1,193 |
| Comhairleach - | 70 | 81 |

| | | |
|---|---|---|
| Tionscadail | | |
| Tarchur chuig an gCoimisinéir um Chearta | 9,207 | 15,671 |
| Iomlán na dTarchur & na dTionscadal | 10,432 | 16,945 |

# Fobairt Fiontraíochta agus Jabanna

Bíonn bonn fiontraíochta a mbíonn rath air chun leasa an tsochaí trí fhás inbhuanaithe eacnamaíochta, cruthú fostaíochta inbhuanaithe, agus caighdeán maireachtála níos airde a sholáthar. Tá polasaí fiontraíochta in Éirinn dírithe ar thimpeallacht thacúil a sholáthar do gach gnó pé an mbíonn siad ag trádáil go háitiúil nó ag easpórtáil. Tá soláthar ann do thacaíochtaí díreacha agus neamhdhíreacha, i gcomhlíonadh rialacha an AE maidir le Státchabhair, le fiontair, a bhíonn ag easpórtáil nó a bhfuil acmhainn easpórtála iontu a chruthú, a mhealladh agus a fhás.

Tá ról lárnach ag an Roinn maidir le tacú le forbairt fiontraíochta in Éirinn agus cúnamh aici chuige seo óna gníomhaireachtaí, ar a n-áirítear Forfás, Fiontraíocht Éireann (FÉ), GFT Éireann, na Boird Fiontar Contae agus Cathrach, Forbairt na Sionainne, Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), agus an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ).

Is é sprioc ár gclár straitéiseach d'Fhorbairt Fiontraíochta agus Jabanna ná uasmhéadú a dhéanamh ar fhás fostaíochta go háirithe trí fhorbairt a dhéanamh ar bhonn láidir fiontair dhúchasach, infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh, agus gréasáin fhorbartha tras-fhiontair a fhorbairt.

## Grúpa Comhairleach na nGnóthas Beag

Bunaíodh Grúpa Comhairleach na nGnóthas Beag agus bhí an chéad chruinniú aige i Meitheamh 2011. Is é Aire na nGnóthas Beag, John Perry, T.D., atá mar chathaoirleach ar an nGrúpa. Déananna an grúpa éascú ar chaidreamh struchtúrtha agus rialta idir Aire na nGnóthas Beag agus ionadaithe na earnála ngnóthas beag ar conas forbairt gheilleagrach agus cruthú fostaíochta san earnáil sin a chur chun cinn. Áirítear sa bhallraíocht fiontraithe, ainmnithigh ó phríomhchomhlachtaí ionadaíochta na ngnóthas beag agus ón Oifig Athbhreithnithe Creidmheasa, oifigigh ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta chomh maith le gníomhaireachtaí tacaíochta fiontar stáit, Forfás, Fiontraíocht Éireann agus na Boird Fiontar Contae agus Cathrach (BFCanna).

Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Comhairleach do Ghnóthais Bheaga '*Guth na nGnóthas Beag: Plean Gníomhaíochta*' ar an 23ú Samhain 2011 agus cuireadh faoi bhráid an Taoisigh é. Bhí 57 gníomhaíocht sa Tuarascáil thar 12 réimse leathan polasaí, ar áiríodh 34 acu sa Phlean Gníomhaíochta do Jabanna.

## Ciste Idirnáisiúnta na nGnólacht Nuathionscanta

I nDeireadh Fómhair 2011, seoladh Ciste Idirnáisiúnta na nGnólacht Nuathionscanta, dírithe ar fhiontraithe thar lear a spreagadh le gnólachtaí nuathionscanta a lonnú in Éirinn. Tá an ciste atá

riartha ag Fiontraíocht Éireann oscailte do lucht curtha chun cinn cuideachta áit ar bith ar domhan, agus tá sé dírithe ar diaspóra na hÉireann, go háirithe an "Diaspóra Nua" (daoine ó thar lear a d'oibrigh nó a rinne staidéar in Éirinn roimhe seo), chomh maith le fiontraithe srathacha agus móibíleacha. Fuair Fiontraíocht Éireann timpeall 40 fiosrú in aghaidh na míosa (ag staideanna éagsúla forbartha) sa cheathrú deireanach de 2011 maidir leis an gCiste. De réir mar a dhéantar tionscadail atá réidh d'infheistíocht a aithint agus a fhorbairt, téann Fiontraíocht Éireann i mbun teagmhala fairsing leis an lucht curtha chun cinn le gach díogras iomchuí.

## Athstruchtúrú na mBord Fiontar Cathrach agus Contae

Thug an Plean um Athchóiriú na Seribhíse Poiblí, a foilsíodh i Samhain 2011, imlíne ar chlár cuíchóirithe gníomhaireachta ar a raibh athstruchtúrú na mBord Fiontar Cathrach agus Contae. Tosaíodh ar chainteanna leanúnacha le páirtithe leasmhara le féachaint ar an gcuí is oiriúnaí le hathstruchtúrú a dhéanamh d'fhonn moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais.

## Idir-Trádáil Éireann

Tá Idir-Thrádáil Éireann ar cheann de na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. I rith 2011 chuir Idir-Thrádáil Éireann miontuarascáil ar dhul chun cinn ar a chlár oibre i láthair ag dhá chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus formáid earnála Forbartha Gnó. Lean an Fhorbairt, trí shaothar Idir-Thrádáil Éireann agus an Clár Interreg, le cur chun cinn a dhéanann ar leasa don gheilleagar uile-oileáin trí chomhoibriú Thuaidh/Theas, go háirithe maidir le forbairt trádála agus gnó.

D'éirigh le hIdir-Trádáil Éireann dul thar a spriocanna don bhliain, le os coinn 2,600 gnó ag baint leasa as a cláir agus a gréasáin lena gcumas gnó trasteorann a dhéanamh. Chuir a ghníomhaíochtaí freisin le cruthú nó cosaint ar 170 jab i 2011. Ar na cláir thacaíochta gnó nua a ndearna Idir-Thrádáil Éireann píolótú orthu i rith na bliana bhí Dúshlán Nuálaíochta, Elevate agus Tacaíocht FP7. Lean cláir fhorbartha trádála trasteroann Idir-Thrádáil le hardán a sholáthar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, thuaidh agus theas, le forbairt a dhéanamh ar a n-acmhainn easpórtála as a dtiocfadh easpórtáil as an oileán.

I 2011 lean Idir-Thrádáil Éireann le héascú a dhéanamh ar chomhoibriú Thuaidh/Theas i dtaighde agus nuálaíocht trí Chlár nua Naisc Thiaghde an AE. Thug sé roinnt tionscnamh eile isteach freisin le cabhrú le cuideachtaí agus le lucht taighde ar mhian leo teacht ar chistiúchán taighde ó chlár Chreat 7 (FP7) an AE agus ar mhian leo oibriú ar bhonn thuaidh/theas. Ar leibhéal praiticiúil, áiríodh anseo go mbunófaí Clár Fógraí AE le cabhrú leo siúd a bheadh ag lorg comhpháirtithe i ndlínse eile agus dearbhán taistil le cabhrú le costas taistil le bualadh le comhpháirtithe inchasacha.

Cuirfidh gníomhaíochtaí Idir-Thrádáil Éireann leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le clár Nuálaíochta na Roinne trí thógáil ar shaothar a ghrúpa stiúrtha ar chomhoibriú Thuaidh Theas le cur le comhoibriú faoi FP7 an AE agus a chomhabaHorizon 2020.

Leanfaidh Idir-Thrádáil Éireann leis an dlúthchaidreamh le gníomhaireachtaí fiontair, thuaidh agus theas, chomh maith le cuideachtaí agus le lucht acadúil, le teacht i dtír ar dheiseanna trádála agus nuálaíochta do SMEs ar oileán na hÉireann.

## Téama Fiontraíochta Interreg

Is clár le tacaíocht Cistí Struchtúrtha an Aontais Eorpaigh atá i gClár IVA Interreg (2007-2013) do Thuaisceart na hÉireann, Réigiún na Teorann agus Iarthar na hAlban, a dhéanann iarracht ar thabhairt faoi fhadhbanna eacnamaíochta agus sóisialta atá cruthaithe ag na teorainneacha atá ann. Tacaíonn sé le comhoibriú straitéiseach trasteorann trí nuálaíocht agus iomaíochas a spreagadh i bhfiontraíocht, i bhforbairt gnó agus i dturasóireacht. Féachann an Fhorbairt seo agus Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta Thuaisceart Éireann (DETI) i dteannta a chéile ar incháilitheacht na dtionscadal faoi théama fiontair an Chláir. Tá €70m ar fáil ar fad mar chistiú do thionscadail fhiontraíochta.

I 2011 dhírigh an dá Roinn, i gcomhar le Comhlacht Chlár Speisialta an AE, ar oibriú le grúpaí trasteorainn le forbairt agus feabhas a chur ar chaighdeán na dtionscadal fiontraíochta a chuirtear isteach d'fhonn iad a mheas. Tá dul chun cinn suntasach déanta agus tugadh faomhadh do roinnt tionscadal ar ardchaighdeán. Áirítear orthu seo réimse tionscnamh forbartha gnó le cabhrú le hacmhainn a thógáil i gcuideachaí ar an dá thaobh den teorainn. Áirítear ar chuid de na príomhthionscadail an tionscadal Nuálaíochta agus Fáis (dírithe ar ghníomhaíocht nuálaíochta a mhéadú san earnáil SME), Ren-Nets (tionscadal fuinnimh inathnuaite) agus Gateway to Growth (gréasán soláthair/ceannacháin do SMEs).

# Easpórtálacha a Mhéadú

Tá fás faoi threoir easpórtála riachtanach le filleadh ar fhás inbhuanaithe geilleagrach agus tá sé aitheanta mar phríomh-chomhpháirt de Chlár an Rialtais. Tagann deiseanna fostaíochta inbhuanaithe as easpórtáil agus fás ar theacht isteach do chuideachaí seachas mar a bhíonn ar fáil ón ngeilleagar dúchais agus bhíonn tionchar substaintiúil aige sin ar an ngeilleagar ar fad maidir le jabanna agus teacht isteach ó cháin.

Leagann Clár an Rialtais cur chuig comhtháite amach ag an Rialtas le forbairt a dhéanamh ar thrádáil, turasóireacht agus infheistíocht agus tugann sé líon na spriocanna atá le baint amach faoi 2015. Tá sé mar phríomhchuspóir líon na jabanna nua a mhéadú, a bhaineann go díreach le fiontair easpórtála, os cionn 150,000, i ndéantúsaíocht, turasóireacht agus seirbhísí a dhéantar a thrádáil go hidirnáisiúnta, agus leis an méad céanna jabanna nua a chruthú go hindíreach.

Sa chomhthéacs seo is é sprioc chlár straitéiseach na Roinne le *Easpórtálacha a Mhéadú* ná tacaíocht a thabhairt d'fhiontair le spriocanna dúshlánacha easpórtála a bhaint amach.

Tá fás láidir léirithe ag easpórtálacha na hÉireann le blianta beaga anuas. Lasmuigh de laghdú beag níos lú ná dó faoin gcéad i 2008 agus 2009, tá fás socair ar easpórtálacha. Tharla méadú ar easpórtálacha i 2011 ar 2010 de 5.5 faoin gcéad, ag baint buaic de €173bn amach. D'éirigh an-mhaith le heaspórtálacha seirbhísí agus ag €81.4bn bhíodar beagnach 10 faoin gcéad níos airde ná an bhliain roimhe sin.

Ba sa RA a bhí príomh-mhargadh easpórtála earraí agus seirbhísí na hÉireann ag €29.5bn leis na Stáit Aontaithe ina dhiaidh sin ag €27.4bn. Ba iad seirbhísí ríomhaireachta, ag €32bn, an catagóir easpórtála ba mhó le táirgí míochaine agus cógaisíochta ina dhiaidh sin ag €26bn agus ceimicí orgánacha ina dhiaidh sin arís ar €20bn. B'ionann na trí chatagóir easpórtála seo agus 45 faoin gcéad de luach iomlán easpórtálacha i 2011.

Le díolacháin bhuacacha idirnáisiúnta bhain cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann buaicleibhéal easpórtálacha amach i 2011. Chuaigh an figiúr iomlán easpórtál, ag €15.2bn, thar an mbuaicleibhéal réamh-chúlaithe 2008 agus chuaigh díolacháin nua easpórtála os cionn €2.14bn. Ba é seo an gnóthú easpórtála bliantúil a bhain cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann amach raimh.

Cé gur dhírigh tionsclaíocht dhúchasach thraidisiúnta ar a n-easpórtálacha chuig an RA agus SAM, tá cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann ag méadú ar a ngnó idirnáisiúnta, ar féidir an toradh atá air a fheiceáil sa tábla thíos.

Easpórtálacha 2011 ag cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann de réir Chríche*

| Críoch | Easpórtálacha 2011 (€m) | Fás easpórtála |
|---|---:|---:|
| An Ríocht Aontaithe | €5,535 | +4% |
| Tuaisceart na hEorpa | €2,157 | +18% |
| Deisceart na hEorpa/an Meánoirthear agus an Afraic | €1,706 | +8% |
| SAM/Ceanada | €1,684 | +16% |
| An Ghearmáin/Lár Oirthear na hEorpa/ an Rúis | €1,599 | +28% |
| An Áise / an Aigéan Ciúin | €978 | +17% |
| Meiriceá Laidineach | €139 | +61% |
| An Chiuid Eile den Domhan** | €736 | +22% |

*seachas Easpórtálacha an Bhoird Bainne

**áirítear sa chuid eile den domhan margaí nach bhfuil sonraithe ag cliaint Fhiontraíoct Éireann

Ag tógáil dóibh ar fheidhmíocht easpórtála thar a bheith láidir 2011, tá Fiontraíocht Éireann ag dul i gcomhpháirtíocht le cliantchuideachtaí le feidhm a bhaint as acmhainn tearcúsáidte, go dtí seo, na dtíortha BRIC (An Bhraisíl, an Rú"s, An India agus an tSín) agus an Meánoirthear. Tá Fointraíocht Éireann ag obair freisin le cabhrú le cuideachtaí easpórtálacha a fhás i margaí suntasacha an RA, Limistéar an Euro agus Meiriceá Thuaidh. Tá Fiontraíocht Éireann ag díriú go dian ar ghníomhaíochtaí ar féidir leo jabanna a choimeád agus a fhás in Éirinn chomh maith le heaspórtálacha thar lear a mhéadú.

Tá gníomhaíocht tábhachtach curtha chun cinn trádála ár ngníomhaireachtaí forbartha ag cur taca faoi pholasaithe straitéiseacha trádála fadtéarmacha. Tugann bacanna trádála idirnáisiúnta a ísliú níos mó deiseanna dár n-easpórtálaithe leas a bhaint as domhandú. Dá réir sin, tá polasaí trádála dírithe ar dheiseanna rochtana ar mhargaí idirnáisiúnta a mhéadú dár n-easpórtálaithe, go háirithe SMEs dúchasacha. Áirítear anseo cur chun cinn a dhéanamh ar chomhaontuithe uaillmhianacha saorthrádála AE le comhpháirtithe tábhachtacha trádála, faoi mar a déanadh le déanaí leis an gCóiré Theas, agus gluaiseacht ar aghaidh le socruithe nua léirscaoilte trádála faoin WTO, ar a n-áirítear chlár forbartha maidir le Doha.

# Rialáil

Is cuid bhunúsach de thairiscint iomaíochta na hÉireann timpeallacht rialála atá ag feidhmiú go maith, atá láidir agus comhréireach. Léiríonn staitisticí tagarmharcála idirnáisiúnta go leagann Éire ualach cuíosach íseal rialála ar ghnó agus go bhfuil timpeallacht rialála na hÉireann ar cheann de na timpeallachtaí is forásaí agus is tacúla d'fhiontraíocht.

Caithfear tacú le timpeallacht éifeachtach agus cuiditheach trí rialáil níos fearr ar ghnó, iomaíocht agus cearta an tomhaltóra a chur chun cinn, rialú iomchuí ar fhiontair, a chinntiú go ndéantar cearta fostaíochta a chosaint agus a chinntiú go ndéantar dea-bhainistiú ar chomhchaidreamh sa láthair oibre ar a n-áirítear córas feidhmithe an Stáit a bheith i gcomhchaidreamh sa láthair oibre. Tugann tuilleadh feabhais agus nuachóirithe ar an timpeallacht rialála deis d'Éire forbairt a dhéanamh ar bhuntáiste iomaíoch a chothóid agus a spreagfaidh ar fhiontraíocht ar bhonn inbhuanaithe.

Tá roinnt Oifigí agus Gníomhaireachtaí ag an Roinn le sainchúram rialála, is iad sin, an tÚdarás Iomaíochta, an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA), Oifig an Stiúrthóra um Fhorghníomhú Corparáideach (ODCE), an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO), Cláraitheoir na gCara-chumann (RFS), Údarás na hÉireann um Maoirseacht Iniúchóireacht agus Cuntasaíocht (IAASA), an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA), an Binse Achomhairc Fostaíochta (EAT), an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC), an Chúirt Oibreachais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HAS), Oifig na bPaitinní, agus Aonad Méadreolaíochta Dlíthiúil an NSAI. Téann an Roinn féin i mbun feidhmeanna rialála a dhéanamh freisin ar a n-áirítear ceadúnú easpórtála agus Ceadanna Fostaíochta.

Is é sprioc ár gclár straitéiseach maidir le Rialáil ná na margaí, ar a n-áirítaer na margaí fistaíochta, a dhéanamh níos éifeachtaí trí rialáil níos cliste a spreagann nuálaíocht, iomaíocht ghéar, ardchaighdeáin chomhlíonta agus cosaint tomhaltóirí ach gan costais rialacháin nach bhfuil gá leo.

## Ceimiceáin agus Earnálacha a Bhaineann Leo

Is comhpháirt tábhachtach iad tionscal na gceimiceán agus na hearnálacha a bhaineann leis i ngeilleagar na hÉireann, ar ionann earnálacha cógaisíochta/ceimiceán agus ICT na hÉireann agus beagnach 60% agus 8.6% d'easpórtálacha marsantachta na hÉireann i 2011. Éilíonn Rialacháin an AE

mar REACH (Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) agus Rangú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) obair leanúnach ag leibhéal an AE ar fhorfheidhmiú, athbhreithniú agus leasú. Déanann an Roinn freastal ar na héilimh seo le tacaíoht shaineolach ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. I rith 2011, bhí an Roinn agus an tÚdarás rannpháirteach freisin in idirbheartaíocht Mheitheal Oibre Chomhairle an AE ar Threoir Seveso III 2012/18/AE (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí); leasú ar Rialachán um Ghlantaigh an AE (Uimh. 259/2012), agus "athdhéanamh" ar Rialachán Rotterdam an AE (Uimh. 649/2012). D'oibrigh an Roinn agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta go dlúth le chéile i 2011 le hiarracht a dhéanamh ar uasmhéadú a dhéanamh ar an tacaíocht a sholáthair an tÚdarás do lucht déantúsaíochta, iompórtála agus úsáideora deiridh na hÉireann de réir mar a d'oibrigh cuideachtaí leis na dualgais reatha rialála a chomhlíonadh agus ullmhú don chéad spriocdháta eile do chlárúchán REACH (1 Meitheamh 2013).

Lean an Roinn le forbairt agus beachtú a dhéanamh ar reachtaíocht laistigh dá sainchúram lena chinntiú go mbeadh aghaidh á thabhairt aici ar na dúshláin reatha rialála ar bhealach iomchuí agus gan ualaí gan gá a leagadh ar ghnó. Ba iad seo a leanas na príomhfhorbairtí i 2011.

## Bille na gCuideachtaí (ar a dtugtaí Bille Comhdhlúite agus Athchóirithe na gCuideachtaí)

I mí Bealtaine 2011, foilsíodh an chéad tráthchuid de Bhille nua na gCuideachtaí ar shuíomh gréasáin na Roinne http://www.djei.ie/commerce/companylawreview/companiesbill.htm . Cuimsíonn seo 15 cuid a bhaineann le cuideachta príobháideach teoranta ag scaireanna (CLS), ar é príomhchatagóir chuideachtaí na hÉireann é. Leanadh le hobair freisin i rith 2011 ar dhréachtú na 10 gcuid eile den Bhille, ina mbeidh forálacha breise a bhainfidh le cineálacha eile cuideachtaí, mar chuideachtaí príobháideacha gníomhaíochta ainmnithe (DAC) agus cuideachtaí teoranta poiblí. Táthar ag súil leis go mbeidh an reachtaíocht, ar dhócha go mbeidh 1,450 alt ann, ar an bpíosa reachtaíochta is mó i stair an Stáit. Is é an t-athchóiriú is suntasaí ar bhreithiúnais dhlí na gcuideachtaí é. Nuair a achtaítear í, déanfaidh an reachtaí níos saoire agus níos éasca é gnó a thosú in Éirinn.

## Cumainn Tionscail agus Choigiltis (Comharchumainn)

I Meitheamh 2011, fuair an tAire Bruton faomhadh an Rialtais ar dhréachtreachtaíocht agus le dul ar aghaidh le hathchóiriú le héascú a dhéanamh ar an ualach rialála ar chomharchumainn go mbeadh sé níos éasca comharchumann a thosú agus a rith mar rogha chineál eagraíochta fiontraíochta.

## An Bille Iomaíochta (Leasú) 2011

Faoi théarmaí Chlár Tacaíochta Airgeadais d'Éirinn an AE/IMF tá ar an rialtas reachtaíocht a thabhairt ar aghaidh le nearú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú dhlí na hiomaíochta. Foilsíodh an Bille Iomaíochta (Leasú) 2011 ar an 29ú Meán Fómhair 2011 agus tosaíodh ar é a chur trí Thithe an Oireachtais i 2011. Soláthraíonn an reachtaíocht iombhagairt níos éifeachtaí agus riailréim feabhsaithe smachtbhannaí dóibh sin a théann i mbun praghas-socrú, cairtéil, mí-úsáid as riocht ceannasach agus cleachtais eile frithiomaíocha.

## Bille Tomhaltais agus Iomaíochta

Thug an Rialtas faomhadh i mí Iúil 2011 do dhréachtú foirmeálta ar an mBille Tomhaltais agus Iomaíochta. Ceadóidh an reachtaíocht go príomha do cumasc den Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta chomh maith le roinnt athruithe a dhéanamh ar an dlí iomaiochta agus tomhaltais.

## Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Díolacháin

I nDeireadh Fómhair 2011, sheol an tAire Bruton an tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Díolacháin. Bhí an tOllamh Robert Clark mar chathaoirleach ar an nGrúpa Athbhreithnithe ar a raibh acadóirí agus cleachtóirí dlí in éineacht le hiondaithe ó leasanna tomhaltais agus gnó. Déanadh os cionn céad moladh sa tuarascáil maidir le hathruithe ar an reachtaíocht a bhaineann le díolachán earraí agus soláthar seirbhísí. Chuir an tAire in iúl go raibh sé ar intinn aige Acht um Chearta do Thomhaltóirí cuimsitheach a achtú a thabharfadh feidhm do mhórán de mholtaí an Ghrúpa.

## Cód Cleachtais don earnáil earraí grósaeireachta

Ceapadh éascaitheoir le dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara san earnáil earraí grósaeireachta maidir le Cód Cleachtais deonach a fhorbairt. Thug an tuarascáil a foilsíodh i mí Iúil 2011 deis le dearcadh pháirtithe leasmhara agus an phobail a lorg ar an dréacht-Chód. Ag leanúint ar an gcomhairliúchán seo, rinne an tAire Bruton athrá ar a mhian maidir le Cód reachtúil a thabhairt isteach le rialú a dhéanamh ar chleachtais áirithe san earnáil earraí grósaeireachta. Áireofar foráil cumasúcháin a cheadódh don Aire a leithéid de Chód a thabhairt isteach trí Rialacháin sa Bhille Tomhaltais agus Iomaíochta.

## Laghdú na n-ualach riaracháin

I rith 2011, lean an Roinn agus a Gníomhaireachtaí ag díriú ar na hualaí riaracháin ar ghnó a laghdú, le laghdú beagnach 18 faoin gcéad bainte amach don bhliain. Le sábháil €52m bainte amach cheana féin i 2010, baineadh laghdú breise de €146m amach faoi mhí na Nollag 2011, ag tabhairt laghdú foriomlán na Roinne go beagnach 24 faoin gcéad, ar ionann é agus sábháil bliantúil do ghnó de beagnach €198 milliún.

Seo a leanas sonraí the thionscnaimh 2011:

- Sa Dlí Sláinte agus Sábháilteachta, bhain an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta sábháil bliantúil riaracháin de €117.5 milliún amach do ghnó trí dhá phríomhthionscadal: an uirlis ar líne BeSMART le Measúnú Riosca agus Ráiteas Sábháilteachta a ullmhú (€53.5m) agus Treoracha SMP20 (€64m), a chabhraíonn le comhlachtaí tógála le níos lú ná 20 fostaí córas éifeachtach bainistíochta sábháilteachta a bhunú agus a choimeád.
- I nDlí na gCuideachtaí, soláthraíodh soiléiriú maidir le ceannchlónna agus cuntais ghiorraithe na gcuideachtaí, ag tabhairt sábhála féideartha de €28.6m.

Cuireadh tús le tionscadal tras-Rialtais le hualaí riaracháin a thomhas agus a laghdú, ag tógáil ar obair a déanadh sa réimse sin roimhe sin, i Meán Fómhair 2011; tá seacht Roinn Rialtais agus na

Coimisinéirí Ioncaim páirteach sa tionscadal leis an aidhm ualaí riaracháin ar ghnó a laghdú 25 faoin gcéad faoi dheireadh 2012. Tá freagracht ar gach Roinn atá rannpháirteach as tomhas na n-ualaí riaracháin iomchuí a éiríonn as an reachtaíoscht a bhfuil freagracht uirthi ina taobh. Ní mór di pleanáil ansin conas a bhainfidh sí na laghduithe atá fágtha amach leis an sprioc a bhaint amach agus tuairisc a thabhairt don Rialtas lena Plean Simplithe. Fostaíodh comhairleoirí le hoiliúint a sholáthar do Ranna ar an Samhail Chaighdeánach Chostais, ar mhódh aitheanta idirnáisiúnta é ar ualaí riaracháin ar ghnó a thomhas. Tá comhordú á dhéanamh ar an tionscadal ag *Aonad Rialála Gnó* na Roinne a sholáthraíonn tacaíocht oibríochtúil do Ranna agus iad i mbun tomhais a dhéanamh.

Lean an Grúpa Ardleibhéil ar Rialacháin Ghnó le déileáil le ceisteanna ar leith maidir le hualaí riaracháin a bhí curtha ar a súile ag luch gnó agus leis an mbealach a réiteach dá simpliú. Ina theannta sin, d'aithin grúpaí fócais le gnó an gá le cabhrú le SMEs rochtain níos éasca a fháil ar na príomhrialacháin a bhaineann leo; mar thoradh ar sin tosaíodh obair ar thairseach Rialála Gnó le haghaidh a thabhairt ar an ngá seo. Seoladh an tairseach www.businessregulation.ie i 2012 agus soláthraíonn sí naisc le Ranna agus Gníomhaireachtaí rialála, lena dtreoir, a n-uirlisí agus a bpointí teagmhála.

## Tairseach Rialála Gnó

D'aithin comhairliúchán le grúpaí fócais ghnó an gá atá le cabhrú le SMEs rochtain níos éasca a fháil ar na príomhrialacháin a bhaineann leo; mar thoradh ar sin tosaíodh obair ar thairseach Rialála Gnó le haghaidh a thabhairt ar an ngá seo.

## Athchóiriú ar struchtúir chaidrimh sa láthair oibre

I rith 2011, d'fhógair an tAire Bruton go raibh sé ar intinn aige athchóiriú a dhéanamh ar struchtúir agus nósanna imeachta Chearta Fostaíochta agus Chaidreamh Tionsclaíoch an Stáit. Faoi mar atá faoi láthair, feidhmíonn an córas trí roinnt comhlahtaí Cearta Fostaíochta: an Binse Achomhairc Fostaíochta, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta, an Chúirt Oibreachais agus an Binse Comhionannais, a thagann faoi shainchúram na Roinne Dlí agus Comhionannais. Déanadh obair fhairsing ar an mórchlár athchóirithe seo i 2011.

## Reachtaíocht maidir le hObair Shealadh Ghníomhaireachta

Foilsíodh Bille a ceapadh le feidhm a thabhairt do Threoir ón AE ar obair shealadach ghníomhaireachta i mí na Nollag 2011. Lean an Bille comhairliúchán poiblí agus plé leis an Ceardchumainn agus le heagraíochtaí na bhFostóirí ar ábhar na reachtaíochta.

Déanann sé tagairt don phrionsabal a bhaineann le déileáil chomhionann maidir le bunchoinníollacha oibre agus fostaíochta d'oibrithe ghníomhaireachta agus do na fostaithe sin ar earcaigh a bhfostóirí go díteach iad leis an jab céanna nó jab cosúil leis a dhéanamh.

## Tacú le tionscnaimh an Rialtais

Chríochnaigh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) mór-uasghrádú ar bhunachar sonraí lena chinntiú go mbíonn an t-ardán a thacaíonn leis an gclár leictreonach níos cobhsaí, níos tapúla agus

níos fearr.   Cabhróidh an t-ardán nua le cuideachtaí agus láithreoirí tuairisceáin a dhéanamh don CRO trí r-chomhdú agus soláthróidh an córas aga freagartha níos tapúla agus éascú níos fearr leis an mbuaicphointe comdúcháin a tharlaíonn go bliantúil i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair.  Chuir CRO freisin leis an gcóras r-Mheabhrúcháin le meabhrúcháin agus fógraí neamhreachtúla a eisiúint go huathoibríoch trí r-phost seachas tríd an bpost.   Tá seirbhís níos éifeachtaí ann do chustaiméirí dá bharr seo agus sábháil suntasach ann don CRO.

| | 2010 | 2011 |
|---|---|---|
| Cuideachtaí Nua cláraithe | 14,013 | 14,615 |
| Ainmneacha Gnó cláraithe | 28,089 | 26,600 |
| Iomlán na n-aighneachtaí | 373,515 | 380,662 |
| Aonad Eolais<br>Glaonna teileafóin a freagraíodh | 77,000 | 73,000 |
| R-phoist a freagraíodh | 9,500 | 9,000 |

Lean an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta i 2011 le feabhas agus mínchóireáil a dhéanamh ar a chóras ar leith leictreonach cigireachta bainistíochta (Geosmart) agus lean sé freisin le feidhmiú céimneach 'BeSmart' - a uirlis measúnaithe riosca in aisce ar líne - le cabhrú le gnóthais bheaga agus mheánmhéide na costais a bhaineann leis an dlí sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh a laghdú.

## Imirce Eacnamaíochta agus Ceadanna Fostaíochta

D'fhonn measúnú a dhéanamh ar líonadh na bpríomhbhearnaí scileanna (nach féidir a líonadh ó laistigh den EEA) trí cheadanna fostaíochta, Cárta Glas a eisiúint agus Ceadanna Aistrithe Idirchuideachta próiseáilte go leanúnach laistigh den sprioc de 15 lá oibre i rith 2011.  Cé go raibh moill áirithe maidir le cineálacha eile ceadanna go luath i 2011, de bharr chórais nua Bainistíochta Cheadanna Fostaíochta á thabhairt isteach agus úsáid á bhaint as éifeachtúlachtaí eile, baineadh an spriocfhigiúr amach do na cineálacha ceada seo faoi dheireadh na bliana. Eisíodh 5,200 Cead Gostaíochta i 2011, ar cheadanna nua iad 3,184 acu agus ar athnuachan ar chead iad 2,016 acu.  I 2011 tosaíodh obair nuachóirithe ar Reachtaíocht na gCeadanna Fostaíochta trí chomhdhlúthú a dhéanamh ar Achtanna 2003 agus 2006 le creat dlíthiúil a chruthú do pholasaí imirce eacnamaíochta atá oiriúnach to thosca eacnamaíochta atá ag athrú.

| | Eisithe | | | Dhuíltaigh | Aistarraingthe | Ag Feitheamch ar Phróiseáil (riaráiste) | Beocheadanna Reatha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bliain | Nua | Athnuachan | Iomlán | | | | |
| 2011 | 3184 | 2016 | 5200 | 1007 | 201 | 377 | 16,265 |
| 2010 | 3394 | 3877 | 7271 | 990 | 199 | 999 | 18,987 |

# Dualgais Idirnáisiúnta

## An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO)

Bhí oifigigh na Roinne rannpháirteach sa 100ú Comhdháil Idirnáisiúnta Saothair den ILO i Meitheamh 2011. Mar thoradh ar Chomhdháil Mheithimh glacadh le Coinbhinsiún an ILO agus le moladh ar Obair Chuibhiúil d'Oibrithe Tí (Coinbhinisún ILO Uimh. 189). Is caighdeán nua saothair Idirnáisiúnta é seo atá dírithe ar obair chuibhiúil d'oibrithe tí a chinntiú.

## Comhairle na hEorpa

Tá an Roinn i mbun chomhordaithe ar ionadaíocht na hÉireann maidir leis an gCairt Shóisialta ag Comhairle na hEorpa. Príomhchuid den ról seo is ea comhordú ar fhreagraí ó réimse ranna rialtais ar cheisteanna ó Chomhairle na hEorpa maidir le forfheidhmiú na hÉireann ar ionstraimí éagsúla Chomhairle na hEorpa. D'fhreastal oifigigh na Roinne ar chruinnithe iomlánacha Chomhairle na hEorpa sa Mhárta agus i nDiereadh Fómhair le riocht na hÉireann a chur chun cinn maidir le réimse ceisteanna.

## An Chomhairle Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO)

Tá freagracht ar an Roinn as comhordú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le fostaíocht a éiríonn as Comhairle Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí an AE. Chuige seo tháinig na hAirí Fostaíochta agus Polasaí Sóisialta le chéile seacht n-uaire i rith 2011.

Ghlac Comhairlí Foirmeálta le tuarascálacha agus tátail na Comhairle ar an Straitéis Fáis Bliantúil agus Comhthuarascáil Fostaíochta, na Treoirlínte do Pholasaithe Fostaíochta na mBallstát, an Clár Oibre Eorpach i gcoinne na bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta, agus Gné Shóisialta EU2020. Rinne an Chomhairle plé ar Straitéis 2020 na hEorpa agus na Moltaí a Bhain go Sonrach le Tíortha, le formhuiniú á dhéanamh ar chomhrogha an Choiste Fostaíochta (EMCO) agus an Coiste Cosanta Sóisialta (SPC) ar Scrúdú na gClár Athchóirithe Náisiúnta (Monatóir Feidhmíochta Fostaíochta EMCO) agus rogha an EMCO ar an gClár Oibre do Scileanna agus Jabanna Nua. Rinne an Chomhairle plé ar ar chuir EPSCO le Comhairle na hEorpa ar an 9ú Nollaig ar fhorfheidhmiú straitéise 2020 na hEorpa sa réimse fostaíochta agus polasaí sóisialta. Rinne an Chomhairle tuairimí a mhalartú ar athrú déimeagrafach agus polasaithe teaghlaigh agus ghlac sí le tátail ar shaol na hoibre agus an teaghlaigh

a réiteach i gcomhthéacs athraithe dhéimeagrafach. Ghlac an Chomhairle le tátail ar Mhodh Oscailte Sóisialta de Chomhordú, ag tabhairt faoi bhochtaineacht leanaí agus leas leanaí a chur chun cinn agus tacú le forfheidhmiú straitéis mhíchumais 2010-2020 na hEorpa. Rinne an Chomhairle plé ar ESF 2014-2020 agus ar chomhordú na gcóras slándála sóisialaí agus bhí díospóireacht aici ar an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú.

Rinne Comhairlí neamhfhoirmeálta san Ungáir agus sa Pholainn diospóireacht ar bhealaí níos fearr le daoine óga a thabhairt chun lánpháirtíochta sa mhargadh saothair agus ar théarnamh neamhdhíobhálach d'fhostaíocht ar mhargaí an AE agus straitéisí le héascú a dhéanamh ar dhaoine óga a fhostú ar a n-áirítear tionscnaimh shuaitheanta an Choimisiúin 'An Óige ag Gluaiseacht' agus 'Clár Oibre do Scileanna agus Jabanna Nua'.

Rinne Airí plé ar bhealaí le méadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na bpolasaithe réamhghníomhacha fostaíochta trí iomaíocht i réimse seirbhísí do dhaoine dífhostaithe agus cuardaitheoirí post, agus dlúthpháirtíocht idir na glúnta. Chuaigh formáid an Tríréad Uachtaránachta i dteagmháil le Comhpháirtithe Sóisialta na hEorpa agus leis an gClár Sóisialta le tuairimí ginearálta a mhalartú.

## Rialú Easpórtála

Tá fás faoi threoir easpórtála riachtanach le filleadh ar fhás inbhuanaithe geilleagrach agus tá sé aitheanta mar phríomh-chomhpháirt de Chlár an Rialtais. Dá bhrí sin, tá rialuithe sonracha ar thrádáil idirnáisiúnta neamhghnách. Mar sin féin, is eisceacht suntasach ar an riail seo gluaiseacht ar earraí míleata agus dé-úsáide.

Tá fíorthábhacht ag baint leis na heisceachtaí seo ar phrionsabal na saorthrádála agus na margaí oscailte don Roinn. Tá slándáil, cobhsaíocht réigiúnach agus ceisteanna cearta daonna a chuireann taca faoi rialú easpórtála fíorthábhachtach, agus tá an Roinn an-dáiríre maidir leis na freagrachaí atá uithi ina dtaobh. Dá bhrí sin, is réimse atá sa rialú easpórtála ina bhfuil ról tánaisteach ag aidhm straitéiseach na Roinne maidir le tacú agus éascú a dhéanamh ar thrádáil seachas cosaint a dhéanamh ar na prionsabail is bonn leis an ngá le rialú easpórtála.

D'eisigh an Roinn 454 ceadúnas easpórtála i 2011. Is é atá i ndéantús an fhigiúir seo ná 343 ceadúnas dé-úsáide indibhidiúil, 39 ceadúnas dé-úsáide domhanda agus 72 ceadúnas míleata.

| Ceadúnais Easpórtála | 2011 eisithe | 2011 Luach | 2010 eisithe | 2010 Luach |
|---|---|---|---|---|
| Dé-úsáid tionsclaíoch | 343 | €1,148M | 715 | €1,279M |
| Míleata | 72 | €27M | 98 | €24M |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé-úsáid domhanda | 40 | €6,073M | 66 | €209M |

## Ceadúnú Iompórtála

Lean an tAonad Ceadúnaithe leis na rialacha a chur i bhfeidhm maidir le ceadúnais iompórtála a eisiúint d'earraí faoi réir srianta cainníochtúla agus céimeanna faireachais an AE. Lean allmhairí ar tháirgí iarainn agus cruach a bheith faoi réir phríomh-reachtaíochta an AE faoi mar atá leagtha síos i Rialacháin iomchuí na Comhairle agus an Choimisiúin

| | **2011 eisithe** | **2010 eisithe** |
|---|---|---|
| Allmhairí | 230 | 179 |

## Ceadúnais Bhróicéireachta

Déanadh an tOrdú um Rialú Allmhairí (Gníomhaíochtaí Bróicéireachta) 2011 de bhun Alt 3 den Acht um Rialú Allmhairí 2008 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1ú Bealtaine 2011. Cuireann sé riachtanas ceadúnaithe i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí bróicéireachta a bhaineann le hearraí agus teicneolaíocht ar Liosta Comótna Míleata an AE faoi mar atá leagtha síos i Sceideal an Ordaithe.

# Nuálaíocht

Tá infheistíocht straitéiseach in eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht ar cheann de thosaíochtaí infhiestíochta infreastruchtúir an Rialtais. D'fhonn toradh a fháil ar infheistíocht sa réimse seo, caithfear aghaidh a thabhairt ar cheisteanna mar riosca ghnólachta nuathionscanta, nuálaíocht a neadú ar fud an gheilleagair agus an gá le comhoibriú idir thionsclaíocht agus soláthróirí taighde agus an gá le torthaí taighde agus nuálaíochta a thabhairt cun an mhargaidh. Caithfidh Éire geilleagar a fhorbairt a mbíonn cáil air maidir le hardtáirgiúlacht agus ard-nuálaíocht. Is é atá mar threoirphrionsabal leis an aidhm seo ná go bhfuil barr feabhais i dtaighde agus in aistriú go haschur eacnamaíochta mar phríomhinneall le luas a chur faoi théarnamh geilleagrach na hÉireann agus le fás inbhuanaithe a bhaint amach.

Is é sprioc ár gclár straitéiseach do *Nuálaíocht* go ndéanfaí forbairt ar straitéis nuálaíochta le bonn leathan faoi d'fhonn go mbeadh ár bhfiontair níos iomaithí.

D'fhonn an sprioc seo a bhaint amach is gá dúinn na caighdeáin Taighde ar oibrigh Éire go dian len iad a bhaint amach, a choimeád, tacú le nuálaíocht i bhfiontair dúchasacha Éireannacha agus tógáil ar acmhainn nuálaíochta san earnáil FDI. Áiríonn sé freisin a chinntiú go dtacaíonn an timpeallacht gnó le nuálaíocht, agus iarracht ar iniúchadh a dhéanamh agus leas a bhaint as naisc idirnáisiúnta.

## Tosaíochtaí a bhunú d'infheistíocht i dtaighde atá maoinithe ag an bpobal

Chuir an Grúp Stiúrtha um Beartú Tosaíochtaí Taighde atá neamhspleách a dtuarascáil faoi bhráid na nAirí Bruton agus Sherlock i Samhain 2011. Ba é comhthéacs an Tuarascála, cé go raibh polasaí an Rialtais maidir le taighde agus nuálaíocht tar éis freastal maith a dhéanamh ar an tír le deich mbliana anuas, go bhfuil sé oiriúnach anois gluaiseacht i dtreo cur chuige ó bharr anuas agus spriocdhírithe.

Mhol an Grúpa Stiúrtha 14 réimse ar chóir dóibh mórchuid den infheistíocht phoiblí a fháil toisc acmhainn a bheith iontu jabanna a sholáthar chomh maith le leasa eile eacnamaíochta agus sóisialta. Moladh freisin go dtabharfaí tacaíocht d'eolaíocht agus teicneolaíocht, agus go ndéanfaí infrastruchtúr áirithe atá riachtanach le tacú le réimse tosaíochta a chomhtháthú.

## An Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht & Nuálaíocht (SSTI) Tuarascáil na dTáscairí

Is é atá mar threoirphrionsabal don Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht ná barr feabhais i dtaighde agus is féidir le méadú ar nuálaíocht san earnáil fiontraíochta cabhrú le luas a chur faoi a´thchóiriú eacnamaíochta na hÉireann agus cabhrú linn filleadh ar fhás inbhuanaithe. Foilsíodh an Tríú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ar SSTI 2006 – 2013 i Samhain 2011. Tá obair úrnua sa tuarascáil seo maidir le sonraí sainiúla a sholáthar ar phríomhtháscairí le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar infheistíocht in eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht agus torthaí inchainnníochtaithe ar an infheistíocht sin go dtí seo. Áirítear sa tuarascáil freisin forbhreathnú ar réimse na ngníomhaíochtaí atá ar siúl ag ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit a bhfuil cúram orthu an Straitéis a fhorfheidhmiú.

Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí maidir leis na príomhspriocanna agus cuspóirí atá san SSTI. Is mórghníomh suntasach é seo ag cur drochthinchar na géarchéime gheilleagrach ar an sprioc maidir le méadú ar infheistíocht phoiblí i dtaighde agus forbairt i dtéarmaí comhréireacha agus iomlána ar bhonn leanúnach thar shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta go dtí 2013.

# Maoin Intleachtúil

## Athbhreithniú Cóipchirt

Bunaíodh Coiste Athbhreithnithe Cóipchirt neamhspleách i mBealtaine 2011 le scrúdú a dhéanamh ar chreat cóipchirt na hÉireann le réimsí a aithint a mbeadh bac á gcruthú acu ar nuálaíocht agus moltaí a dhéanamh le haon fhadhb a aimseofaí a réiteach. Bhí scrúdú le déanamh freisin ar an ndúnghaois 'úsáide cóir' le féachaint an mbeadh sé oiriúnach i gcomhthéacs na hÉireann/AE.

Chríochnaigh sé comhairliúchán tosaigh ar a raibh cruinniú poiblí i rith samhradh 2011. Fuarthas timpeall 100 aighneachtaí scríofa ó réimse leahtan de pháirtithe leasmhara.

## Prótacal maidir le Maoin Intleachtúil

I rith 2011, déanadh forbairt suntasach ar Phrótacal maidir le Maoin Intleachtúil Náisiúnta. Bhí sé ar intinn polasaithe an Rialtais a leagadh amach le spreagadh a thabhairt do thionscail ó ghnólachtaí nuathionscanta, gnóthais bheaga agus mheánmhéide go corparáidí ilnáisiúnta, le leas a bhaint as taighde agus forbairt a déanadh in institiúidí taighde poiblí na hÉireann.

Déanann an Prótacal MI comhlánú ar an Tuarascáil Tosaíochta Taighde agus is cuid de shraith gníomhaíochtaí atá ann atá ar bun ag an Rialtas le feabhas a chur ar theacht isteach eacnamaíoch ó infheistíocht Stáit i dtaighde, trí spreagadh a thabhairt do thráchtálaíocht gach cineál maoine intleachtúil a éiríonn as taighde san earnáil taighde atá maoinithe go poiblí.

Ag leanúint ar phróiseas oscailte tairisceana iomaíoch ag deireadh 2011, roghnaíodh comhairleoirí le staidéar indéantachta a dhéanamh le scrúdú a dhéanamh ar na struchtúir agus na polasaithe a fhéadfaí a fhorbairt go mbeadh Éire ina hionad domhanda do bhainistiú agus do thrádáil maoine intleachtúil (MI).

Ba iad cuspóirí an staidéir na treochtaí atá ag teacht chun cinn i mBainistíocht Punainne MI i gcorparáidí ar fud an domhain a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu, agus ceann a thógáil de na treochtaí domhanda sin atá ag teacht chun cinn le roghanna agus samhlacha a aithint go ndéanfadh Éire giaráil ar na buanna atá aici le bheith ina hionad tarraingteach idirnáisiúnta do bhainistiú agus do thrádáil MI, go mbeadh acmhainn eacnamaíochta agus jabanna ag teacht as.

# Fiontraíocht Éireann

## Tacaíochtaí le feabhas a chur ar nuálaíocht

Lean tacaíocht do chuideachaí dúchasacha le feabhas a chur ar fheidhmíocht nuálaíoch a bheith mar thosaíocht i 2011 agus mar thiománaí do chuideachtaí Éireannacha le buntáiste iomaíoch a bhaint amach agus an bua a fháil i margaí domhanda.

I 2011, thug na cláir a sholáthair Fiontraíocht Éireann tacaíocht do thógáil acmhainne taighde agus nuálaíochta le cuideachaí, ag cur naisc chun cinn idir thionsclaíocht agus an bonn taighde tríú leibhéal agus tacaíochtaí tráchtálaíochta a sholáthar.

### Ag tiomáint taighde agus forbairt (R&D) toinscaltreoraithe

I 2011, bhí 743 cliantchuideachta de chuid Fiontraíocht Éireann i mbun tionscadal suntasacha taighde agus forbartha (ag caitheamh os coinn €100k in aghaidh na bliana), agus bhí os coinn 54 cuideachta i mbun tionscadal substaintiúla taighde agus forbartha(ag caitheamh os cionn €2m in aghaidh na bliana). Tacaíodh leis an gcaiteachas seo le deontais os coinn €26m.   Bhain timpeall 52 cuideachta leas as cistiú Comhpháirtíochta Nuálaíochta le tacú le tionscadal comhoibríoch idir gach cuideachta agus an fhoireann taighde san ardoideachas.  Ag an mbun eile den scála, bhain cuideachtaí beaga leas as timpeall 518 Dearbhán Nuálaíochta i 2011, le cabhrú leo dúshlán teicniúil nó gnó a réiteach.

Cuireadh le clár an Ionaid Teicneolaíochta, a ritheann Fiontraíocht Éireann i gcomhar le GFT Éireann, i 2011 le seoladh na n-ionad déantúsaíochta agus teicneolaíochta éifeachtúlachta fuinnimh, agus tugadh tacaíocht do na hionaid atá ann i réimsí bithfhuinneamh, nuálaíocht TF, nanaitheicneolaíocht fheidhmeach, ábhair chumaisc, micrileictreonaic agus bia do shláinte.   Tacaíonn Clár an Ionaid Teicneolaíocht le forbairt ar dhlúthchaidreamh le cuideachtaí agus le haistriú eolais agus scileanna ábhartha do ghnó.

Le cistiú ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, thug Fiontraíocht Éireann tacaíocht freisin don Ionad Idirnáisiúnta Taighde Fuinnimh, faoi bhainistíocht fhoireann tionscadail comh-ghníomhaireachta ar a raibh Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

I rith 2011, thug grúpaí taighde tríú leibhéal faoi 139 tionscadal comhoibríoch T&F le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann.   Tacaíonn na cláir chomhoibríocha taighde seo le gníomhaíocht taighde i measc chuideachtaí nach mbeadh in ann a leithéid de thaighde a dhéanamh ina n-aonar.

I 2011, lean Fiontraíocht Éireann le tacaíocht a thabhairt do 13 Ionad le Taighde Feidhmeach a Fheabhsú (ARE) na hÉireann, bunaithe in Institiúidí Teicneolaíochta ar fud na tíre.   Chríochnaigh na hionaid seo 139 tionscadal ábhartha do thionsclaíocht do chuideachtaí i 2011.

Tá 22 Gorlann Ghnó ar champais ardoideachais ar fud na hÉireann. Déanann na hionaid seo, le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, óstáil ar timpeall 320 cuideachta a fhostaíonn os coinn 1,400 duine.

### Uasmhéadú ar thorthaí taighde Stát -mhaoinithe

I rith 2011, lean Fiontraíocht Éireann ag obair le gníomhaireachtaí eile cistiúcháin, mar GFC Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus comhlachtaí taighde le méadú a dhéanamh ar thráchtálaíocht taighde maoinithe go poiblí.   I 2011 tugadh ceadúnas do thionscail maidir le 118 píosa luachmhar teicneolaíochta tráchtála agus cruthaíodh 31 gnólacht nuathionscanta.

Soláthraíonn Ciste Tráchtálaíochta Taighde Fhiontraíocht Éireann tacaíocht do lucht taighde acadúil le torthaí taighde le hacmhainn tráchtála a thógáil chuig an bpointe ar féidir iad a aistriú chuig tionsclaíocht nó chuig mac-chuideachta nuathionscanta. I 2011, thug Fiontraíocht Éireann faomhadh do thacaíocht do 77 tionscadal le fócas ar thaighde acadúil faoin gCiste seo.

### Tacaíocht Fhiontraíocht Éireann do chuideachtaí nuathionscanta

I 2011, thug Fiontraíocht Éireann tacaíocht do 93 cuideachta nuathinscanta ardacmhainneach, ag faomhadh €20.4m i gcistiú. Is cuideachtaí uaillmhianacha iad seo, le táirgí an-nuálach agus straitéisí forbartha gnó a chuirfidh ar a gcumas ionad a bhaint amach dóibh féin i margaí domhanda, ag tiomaint jabanna, fáis agus díolacháin easpórtála. Ina theannta sin, bhí 19 infheistíocht leanúnacha i ngnólachtaí nuathionscanta ardacmhainne, ar luach €3m.

I 2011, cuireadh 82 clár fiontraíochta le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann ar siúl a d'aithin agus a thug tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta ardacmhainne. Soláthraíonn an clár seo na bunscileanna, teagmhálaithe, meantóireacht agus tacaíocht do rannpháirtithe lena smaointe ´nó a dteicneolaíochtaí nuálacha a aistriú chuig gnó easpórtála.

## An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)

De réir mar a thagann bonneagar trádála na hEorpa chun cinn tríd na Treoracha maidir le Cur Chuige Nua agus Caighdeáin Chomhchuibhithe, tá an cumas tionchar a bheith ar ábhar na gcaighdeán ina leas suntasach d'Éirinn. Tá na deiseanna do chuideachtaí atá bunaithe in Éirinn le dul i mbun forbartha táirge agus seirbhíse agus trádála easpórtála ag fás de réir mar a dhéantar bacanna teicniúla ar thrádáil a laghdú.

I rith 2011, rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) éascú ar os cionn 50 coiste le breis agus 1,500 saineolaí a thug a gcuid ama in aisce lena chinntiú go mbeadh ionadaíocht ag cion tairbhe na hÉireann ar choistí na gcaighdeán idirnáisiúnta. Mhéadaigh líon na ndoiciméad ar chaighdeáin a d'fhoilsigh NSAI i rith 2011 os cionn 20 faoin gcéad go dtí 2,000, ar a n-áirítear 1,400 caighdeán nua.

Sheol NSAI freisin an tairseach "Do Chaighdeáin Do Ráiteas" ag cur ar chumas chuideachtaí Éireannacha trácht ar, agus tionchar a bheith acu ar threo na gcaighdeán.

Is caighdeán é "Barr feabhais trí Dhaoine" (EIP) a chabhraíonn le heagraíochtaí a bhfeidhmiúlacht a fheabhsú agus spriocanna gnó a bhaint amach trí fhostaithe. Is é an t-aon chaighdeán cáilíochta é atá dírithe ar ról dhaoine agus ar a dtionchar ar ghnó. Soláthraíonn "Barr feabhais trí Dhaoine" treoir céim ar chéim le cabhrú le cuideachtaí feabhas a chur ar a ngnó. Ag deireadh 2011, rinne an tAire Bruton faomhadh ar aistriú na scéime ETP ó FÁS go dtí an NSAI, ag daingniú dá réir todhchaí na scéime laisitigh de dheimhniúchán an NSAI agus dá fhieidm measúnaithe ar chomhfhoirmeacht.

## Rannpháirtíocht na hÉireann i gCláir Thaighde an AE agus Idirnáisiúnta

In éineacht le tacaíocht díreach a thabhairt do thaighde agus forbairt, cabhraíonn agus spreagann Fiontraíocht Éireann leis an bpobal agus le lucht taighde príobháideach agus le foirne taighde le leas a bhaint as cistiú idirnáisiúnta. I 2011 fuair eagraíochtaí Éireannacha, ar a n-áirítear

cliantchuideachtaí, cuideachtaí ilnáisiúnta agus institiúidí taighde tríú leibhéal timpeall le €93m de chistiú Taighde agus Forbartha Teicneolaíochta an Aontais Eorpaigh (Creat 7).

Oibríonn Fiontraíocht Éireann freisin le luach chonarthaí Ghníomhaireachta Spáis na hEorpa (ESA) a mhéadú le cuideachtaí Éireannacha. Ba é luach iomlán na gconarthaí ESA a tugadh do chuideachtaí in Éirinn i 2011 ná €10m, le tionscail i gceist le os cionn 84 faoin gcéad den sochar.

### Barr feabhais taighde

I rith 2011 lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ag éascú barr feabhais taighde i réimsí na biteicneolaíochta, ICT agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh trí réimse sprioc-chlár dámhachtana. I gcaitheamh 2011 thug SFI tacaíocht maoinithe do chohórt de 2,995 taighdeoir agus 28 ionad taighde den scoth. I 2011 tháinig méadú 19 faoin gcéad breise ar líon na nasc le tionsclaíocht de réir mar a rinne taighdeoirí le tacaíocht SFI comhoibriú le 583 cuideachta ar fad (246 cuideachta ilnáisiúnta agus 337 SMEs). Cuireann an méadú seo béim ar ról an SFI maidir le timpeallacht a chruthú a choimeádann jabanna in Éirinn agus a chruthaíonn deiseanna ag an am gcéanna d'fhostaíocht ar ardluach. Tá taighdeoirí le cistiú SFI tar éis cistiú neamh-státchiste díreach os coinn €90m a fháil i rith 2011.

Chabhraigh fócas SFI ar bharr feabhais taighde le hÉirinn a hionad sa 20 Céim is airde a choimeád i gcéimniú eolaíochta an domhain, ag feabhsú dá réir cáil domhanda agus próifíl na hÉireann mar náisiún feidhmíochta taighde. Chuir sé freisin le hacmhainn GFT Éireann cliaint nua a mhealladh le comhpháirt taighde, forbartha agus nuálaíochta (RD&I) a raibh timpeall €700m i gciest leis i 2011. Tá seo i gcomparáid le bua 2010 de €500m.

Mórfhorbairt in éiceachóras taighde na hÉireann i rith 2011 ba ea tús a chur le Sraith 5 den Chlár Taighde d'Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) atá riartha ag an Údarás um Ard-Oideachas thar ceann na Roinne. Is é atá i gceist le Sraith 5 den PRTLI ná meascán de chistiú ón státchiste, cistiú príobháideach agus cistiú AE le hiomlán timpeall €350m thar roinnt príomhréimsí straitéiseacha d'fhorbairt fiontraíochta agus sóisialta in Éirinn. Is iad na réimsí a bhfuiltear ag tacú leo ná teicneolaíochtaí míochaine, cógaisíocht/bithchógaisíocht, ICT, fuinneamh agus comhshaol, taighde trasnáisiúnta, eolaíochtaí bitheacha/bithleighis, na daonnachtaí agus eolaíocht shóisialta, innealtóireacht, fisic agus ceimic. Soláthraíonn an 18 tionscadal infreastruchtúir PRTLI a bhfuil tacaíocht á fháil acu faoi Shraith 5 den PRTLI fostaíocht do thimpeall 2,000 jab tógála. Ina theannta sin tá tacaíocht á thabhairt do chohórt de 350 post taighde den scoth go ceann ceithre bliana trí shraith PhD Struchtúrtha maoinithe ag PRTLI chomh maith le cláir teicneolaíochta éiritheach atá dírithe go mór ar thionsclaíocht.

### Taighde agus Nuálaíocht AE

I mí Feabhra 2011, sheol Coimisiún na hEorpa comhairliúchán poiblí ar a mholtaí do chistiú Eorpach do thaighde agus nuálaíocht sa chéad tréimhse ilbhliantúil eile ag tosú i 2014. Shocraigh an Roinn go n-ulmhófaí freagra náisiúnta trí Chomhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil agus soláthraíodh seo don Choimisiún i mBealtaine 2011. Foilsíodh moltaí an Choimisiúin, Horizon 2020 i Samhain 2011 agus bhí mórán gnéithe de na moltaí ag teacht lenár dtosaíochtaí náisiúnta.

### Tosaíochtaí a bhunú d'infheistíocht i dtaighde atá maoinithe ag an bpobal

I gcaitheamh 2011, chuir grúpa ardleibhéil cleachtadh náisiúnta chun cinn le roinnt réimsí tosaíochta agus/nó cur chuige maidir le hathruithe/deiseanna náisiúnta a aithint le díriú ar infheistíocht an Rialtais i dtaighde agus i bhforbairt sna blianta atá romhainn.

# Earnálacha le hAcmhainneacht a Fhorbairt

Is samplaí iad cógaisíochta & ceimiceán, ICT, agus seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta d'earnálacha a sholáthraíonn fostaíocht suntasach in Éirinn, a chuireann go substaintiúil le heaspórtáil agus atá tar éis mórán de mhórchuideachtaí an domhain a mhealladh go hÉirinn le fiche bliain anuas. Cé go leanfaidh na hearnálacha seo le ról tábhachtach a bheith acu i ngeileagar na hÉireann, tá sé tábhachtach freisin go ndéanfaí iarracht breith ar an gcéad ghála eile de an hearnálacha atá ag teacht chun cinn go mbainfidh Éire leas as jabanna inbhuanaithe fadtéarmacha a chruthú. Is é atá i gceist anseo ná earnálach nua go gníomhach agus go práinneach ag aithint na mbacanna a bheadh sa bhealach ar a leithéid de dheiseanna agus á mbaint as.

Is é sprioc ár gclár straitéiseach maidir le *Forbairt a dhéanamh ar Earnálacha le hAcmhainn* ná tosaíocht a thabhairt d'earnálacha ina bhfuil deiseanna agus bacanna a bhaint go rianúil agus polasaithe cumasúcháin a fhorbairt.

Ar na hearnálacha a aithníodh maidir le hacmhainn shuntasacha a bheith ag baint leo d'Éirinn áirítear Sláinte, Eolaíochtaí Beatha & Teicneolaíocht Mhíochaine, teicneolaíocht "airgid", néalríomhaireacht, geilleagar digiteach & seirbhísí na meán, earnáil na bhfíschluichí (go háirithe cluichíocht dhigiteach), agus an geilleagar glas (go háirithe Teicneolaíocht Ghlan).

## An tÚdarás Forbartha Tionscail

I 2011 bhí leibhéal láidir feidhmíochta san infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) a bhaint Éire amach. Chruthaigh cliantchuideachtaí GFT os coinn 13,000 jab nua i 2011, suas 20 faoin gcéad ar leibhéal na bliana roimhe sin de 10,897, ag méadú ar líon iomlán na ndaoine fostaithe go díreach ag clianchuideachtaí GFT go beagnach 146,000.

Tharla méadú foriomlán 17 faoin gcéad ar líon na n-infheistíochtaí ó chliantchuideachtaí GFT i 2011 agus, d'ainneoin riocht reatha an gheilleagair dhomhanda agus méadú láidir ar iomaíocht idirnáisiúnta, baineadh an líon ba mhó infheistíochtaí nua amach i caitheamh na bliana le 148 infheistíocht nua thar dheighleoga tionscail. An rud is spreagúla ná go raibh méadú 30 faoin gcéad ar líon na gcuideachtaí ar rinne infheistíocht in Éirinn den chéad uair.

## Forbairt an Sionainne

Tá os coinn 100 cuideachta i Limistéar Neamhchuastaim na Sionainne, atá á bhainistiú ag Forbairt na Sionainne, ina bhfuil 7,700 duine fostaithe agus a chruthaíonn beagnach €3 billiún i ndíolacháin bhliantúla, le níos mó ná 90 faoin gcéad de chuig margaí easpórtála. I 2011, cruthaíodh 406 jab nua ag Limsitéar Neamhchustaim na Sionainne. Cé gur tháinig laghdú trí faoin gcéad ar fhostaíocht sa Limistéar, ba chóir a thabhairt faoi deara gur tharla 90 faoin gcéad de na caillteanais sein mar

thoradh ar laghdú méide seachas dúnadh, ag cur ar chumas Fhorbairt na Sionainne leanúint ag obair leis na cuideachtaí seo le deiseanna nua a aimsiú sa mhargadh.

## Néalríomhaireacht

I Meitheamh 2011, bhunaigh an tAire Bruton gúpa saineolaithe le hiniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le néalríomhaireacht do ghnó agus don Rialtas araon. Beidh moltaí i dtuarascáil an Ghrúpa lena chinntiú gur ann do thimpeallacht tacaíochta rialála do lucht úsáide agus lucht soláthair seirbhísí néalríomhaireachta.

## Fóram Thoir Theas

Tar éis na jabanna a cailleadh in ionad glaonna Talk Talk i bPort Láirge i Meán Fómhair 2011, sheol an tAire Bruton Plean Gníomhaíochta Thoir Theas i mí na Nollag 2011. Tá gníomhaíochtaí sonracha sa phlean le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna dífhostaíochta a bhaineann leis an Réigiún Thoir Theas, ar a n-áirítear comhoibriú níos fearr idir na páirtithe leasmhara éagsúla sa réigiún Thoir Theas. Tá sé ar intinn ag an Aire caidreamh leanúnach a choimeád leis na páirtithe leasmhara le monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na moltaí atá sa phlean.

# Straitéis a Sholáthar agus Athrú a Bhainistiú

Tá sé mar mhian ag an Roinn a bheith mar cheannrórdaí dea-chleachtais sa Státseirbhís maidir le leagadh síos agus soláthar spriocanna feidhmíochta. Tá a thábhachtaí atá seo le feiceáil sa mhéid go bhfuilimid ag iarraidh ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach le cúlra de laghdú suntasach ar acmhainní foirne agus airgeadais.

I gcaitheamh 2011, bhí an Roinn i mbun idirghníomhaíochta dian le príomhpháirtithe leasmhara, ar a n-áirítear cruinnithe straitéiseacha Aireachta le hOifigí agus Gníomhaireachtaí na gCeann Roinne le forbairt a dhéanamh ar Ráiteas Straitéise 2011-2014, a bhfuil cruthú agus cosaint jabanna ina chroílár. Tá na seacht sprioc ardleibhéil agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leo atá sonraithe sa Straitéis dírithe ar a chinntiú go soláthraíonn an Roinn clár oibre leathan maidir le hathrú agus athchóiriú thar réimse iomlán a cúram. Tá sé ar intinn le mórán den athchóiriú go gcuirfí feabhas ar éifeacht agus éifeachtúlacht feidhme na Roinne. Léiríonn na samplaí seo a leanas an dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo; íoctar gach íocaíocht taistil agus tuarastail fhoireann na Roinne trí Ríomhaistriú Airgid (EFT); bunaíodh fóram comhoibríoch ar líne d’fhoireann ICT sa Roinn agus a Gníomhaireachtaí le huasmhéadú a dhéanamh ar an acmhainn le faisnéis a roinnt; cuireadh cleachta bailithe faisnéise ar siúl le hiniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna comhoibríocha do chomhsholáthar agus/nó seirbhísí i bpáirt.

I 2011 lean Iniúchadh Inmheánach le tacaíocht láidir a thabhairt do rialachas láidir trí sceideal rioscbhunaithe a chur i bhfeidhm ar a n-áirítear athbhreithniú ar idirchaidreamh le gníomhaireachtaí agus oifigí faoi chúram na Roinne, rialú íocaíochta, TF, luach ar airgead a bhaint amach i soláthar agus bainistíocht faisnéise.

## Tionscnaimh ICT

Lean an Roinn le forbairt a dhéanamh ar a seirbhísí ICT le tacú le forbairt ar pholasaí agus feidhmeanna na Roinne a sholáthar. Déanadh uasghrádú ar roinnt de na croíchórais le cobhsaíocht leanúnach córais a chinntiú agus tacú le hinfhaighteacht, chomh maith le feidhmiúlacht nua a sholáthar le feabhas a chur ar tháirgiúlacht. Leanadh le clár cuíchóirithe ar éagsúlacht na dteicneolaíochtaí a dtacaítear leo, a cheadaíonn monatóireacht ar leibhéil seirbhíse d'ainneoin brú leanúnach ar acmhainn airgeadais. Ina theannta sin, bhí an Rinn i gcomhchaidreamh leis an Roinn na Seirbhíse Poiblí agus Caiteachais le cur chun cinn a dhéanamh ar ghluaiseacht na gcóras go seirbhísí i bpáirt.

Tosaíodh obair ar chlár oibre do shuíomh gréasáin nua, a úsáidfear le óstáil a dhéanamh ar suíomhanna gréasáin Rannacha agus le cumas bainistíochta ábhair nua-aimseartha a sholáthar, ar a n-áirítear athúsáid ábhair, comhtháthú le huirlisí na meán sóisialta, agus éascú ar úsáid don fhoireann neamhtheicniúil. Cuireadh uirlis sábháilte aistrithe sonraí ann do ghníomhairí trádmharcanna le héascú a dhéanamh ar iarratais ar thrádmharcanna chuig Oifig na bPaitinní a tharchur go leictreonach). Chomh maith leis sin baineadh feidhm as r-Fhoirm nua i rith na bliana le tacú le hiarratais chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

## Bainistíocht níos fearr ar Acmhainní Daonna

Tá tuiscint iomlán ag an Roinn ar an ról lánrnach atá ag an bhfoireann maidir le spriocanna na Straitéise a sholáthar agus a bhaint amach. Leis an gclár uaillmhianach d’athrú, ba dhúshlán leanúnach an t-athrú sin a bhainistiú a d’éiligh tiomantas agus tacaíocht ag gach leibhéal. Bhí gá le polasaithe oiriúnacha maidir le hacmhainní daonna d’fhonn an fhoireann a spreagadh agus feidhmíocht a bhainistiú. Ba ghá do na polasaithe seo maidir le hacmhainní daonna teacht le dea-chleachtas agus an fhoireann a spreagadh le bheith freagrach, solúbtha agus inoiriúnaithe. D’fhoinn an aidhm seo a chur chun cinn seo a leanas chuid de na tionscnaimh a bhí i gciest i 2011: cuireadh an polasaí maidir le bainistíocht tinrimh i bhfeidhm, cuireadh treoirlínte ar bhainistiú socruithe fhleisc-ama i bhfeidhm; cuireadh tús le tionscadal píolótach pleanála fhórsa oibre le modhanna pleanála fórsa oibre a fhorbairt; déanadh athbhreithniú ar pholasaithe Cothramaíochta Oibre is Saoil agus polasaithe maidir le fleisc-am sa Roinn agus déanadh moltaí.

De réir an Chreat Rialaithe Fostaíochta don Roinn agus a hoifigí, tháinig laghdú 4.5 faoin gcéad ar líon na foirne ó 870 go 831 i 2011, agus na cuspóirí gnó céanna i gceist. D’fhonn sin a bhaint amach bhí níos mó solúbthachta i gceist le húsáid na foirne, mar shampla déanadh barrachas foirne cléireachais a scannadh chuig lasc-chlár na Roinne, rud a thúg sábháil ar chostais leis an laghdú ar an ngá le teileafónaithe a sheachfhoinsiú.

## Gníomhaíocht SF

I 2011, rinne an Roinn próiseáil ar 72 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus déanadh gach ceann de na hiarratais seo a phróiseáil laistigh de na teorainneacha ama reachtúla atá leagtha síos.

# Aguisín 1

## Clár Comhardaithe ar an 31 Nollaig 2011

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Sóchmhainní Caipitil** | 7,498 | 8,882 |
| **Sóchmhainní Caipitil á bhForbairt** | 552 | 546 |
| | **8,050** | **9,428** |
| **Sóchmhainní Reatha** | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 37,596 | 3,827 |
| Stoic | 279 | 375 |
| Réamhíocaíochtaí | 442 | 439 |
| Ioncam Fabhraithe | 883 | 779 |
| Iarmhéid eile dochair | 1,699 | 1,752 |
| **Iomlán Sóchmhainní Reatha** | **40,899** | **7,172** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | |
| Speansais Fhabhraithe | 647 | 405 |
| Ioncam iarchurtha | 1,668 | 1,243 |
| Iarmhéid eile sochair | 18,774 | 3,804 |
| Glandliteanas don Státchiste | 20,521 | 1,775 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | **41,610** | **7,227** |
| **Glandliteanais Reatha** | **(711)** | **(55)** |
| **Glansóchmhainní** | **7,339** | **9,373** |
| **Ionadaithe ag:** | | |
| **Cuntas Maoinithe Stáit** | **7,339** | **9,373** |

## Vóta 34 An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
## Cuntas Leithghabhála 2011

| Seirbhís | | | | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1. | Tuarastail, pá agus liúntais | | | 28,107 | 31,268 |
| A.2. | Taisteal agus Cothabháil | | | 816 | 860 |
| A.3. | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | 673 | 635 |
| A.4. | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 823 | 914 |
| A.5. | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | 3,419 | 4,429 |
| A.6. | Costais áitribh oifige | | | 1,062 | 1,035 |
| A.7. | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar pholasaí[1] | | | 139 | 158 |
| A.8. | Fógraíocht agus poiblíocht | | | 154 | 143 |
| A.9. | Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | | | 3,397 | 3,674 |
| A.10. | An Chúirt Oibreachais | | | 2,442 | 2,412 |
| A.11. | An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta | | | 6,642 | 6,935 |
| | *Athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar pholasaí [1]* | | | - | *5* |
| **Fobairt Fiontraíochta, Eolaíochta agus Teicneolaíochta** | | | | | |
| B.1. | Forfás – Deontas riaracháin agus spensas ginearálta | | | 34,683 | 35,505 |
| B.2. | Forfás – Íocaíochtaí pinsin ag éirí as an Acht um Bearta Airgeadais (forálacha ilghnéitheacha) 2009 | | | 9,777 | 9,046 |
| B.3. | Idir-Thrádáil Éireann | | | 6,638 | 7,848 |
| C.1. | GFT Éireann – Deontas riaracháin agus spensas ginearálta | | | 37,377 | 39,240 |
| C.2. | GFT Éireann – Deontais do Thionsclaíocht | | | 84,841 | 90,460 |
| C.3. | GFT Éireann – Deontais do réadmhaoin tionsclaíochta | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,000 | | |
| | | *Breise* | 10,000 | 11,000 | 1,000 |
| D.1. | Fiontraíocht Éireann – Deontas riaracháin agus spensas ginearálta | | | 80,600 | 84,420 |
| D.2. | Fiontraíocht Éireann – Deontais do Thionsclaíocht | | | | |
| | | *Bunaidh* | 78,923 | | |
| | | *Breise* | (12,000) | 54,800 | 80,123 |
| D.3. | Fiontraíocht Éireann – Deontas do chaiteachas caipitiúil | | | 1,000 | 850 |
| E.1. | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne Teoranta – Deontas riaracháin agus spensas ginearálta | | | - | - |
| E.2. | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne Teoranta – Deontais do Thionsclaíocht | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | *Bunaidh* | 3,600 | | |
| | *Breise* | 2,001 | 5,600 | 5,272 |
| E.3. | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne Teoranta – Íocaíochtaí pinsin ag éirí as an Acht um Bearta Airgeadais (forálacha ilghnéitheacha) 2009 | | 2,751 | 2,834 |
| F.1. | Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta | | 302,659 | 292,132 |
| F.2. | Baile Átha Cliath – Cathair Eolaíochta | | 932 | 370 |
| A.1. | Clár do thaidhde in institiúidí tríú leibhéal (PRTLI)[2] | | 57,856 | - |
| G. | Forbairt Fiontraíochta Contae | | 29,957 | 31,091 |
| H.1. | Monatóireacht agus measúnú ar Chláir an AE | | 16 | - |
| H.2. | Forbairt Fiontraíochta INTERREG | | 1,512 | 1,379 |
| I. | An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann – Deontas riaracháin agus spensas ginearálta | | 6,336 | 7,338 |
| | *Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha* [2] | | - | *27,500* |
| | *An tÚdarás um Ard-Oideachas – Deontais Tógála agus Costais Chaipitil d'Ollscoileanna agus Coláistí, Institiúidí Teicneolaíochta, Institiúidí Ardoideachais ainmnithe agus Taighde agus Forbairt (Deontas i gCabhair)*[2] | | - | *13,700* |
| **Forbairt an Fhórsa Oibre** | | | | |
| L. | Fiontraíocht Éireann – an Scéim Fóirdheontas Fostaíochta Sealadach – Airgead Teoranta | | 4,250 | 93,353 |
| | *FÁS Riarachán agus spensas ginearálta* [3] | | - | *44,310* |
| | *FÁS Oiliúint agus comhtháthú* [3] | | - | *22,184* |
| | *FÁS Cláir Fhostaíochta*[3] | | - | *127,831* |
| | *FÁS Caipietal* [3] | | - | *2,029* |
| | *FÁS – Íocaíochtaí pinsin ag éirí as an Acht um Bearta Airgeadais (forálacha ilghnéitheacha) 2009*[3] | | - | *8,151* |
| | *Deontas d'Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe*[3] | | - | *52* |
| | *Clár Oibriúcháin d'Fhorbairt Acmhainní Daonna – Cúnamh Teicniúil* [3] | | - | *362* |
| | *ESF – Ciste na dTionscnamh Pobail* [4] | | - | *5,845* |
| **Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch** | | | | |
| N. | An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais – Deontas riaracháin agus speansas ginearálta | | 4,959 | 5,108 |
| O.1. | Deontais Oideachais agus Seirbhísí Comhairliúcháin na gCeardchumann | | 874 | 805 |
| O.2. | Cur chun Cinn agus Comhpháirtíocht an Chiste Nuálaíochta san Ionad Oibre | | 255 | 307 |
| P. | Cónascadh na gCeardchumann | | - | 15 |
| **Trachtáil, Tomhaltóirí agus Iomaíocht** | | | | |
| Q. | Deontas don Údarás Iomaíochta | | 3,621 | 4,551 |
| R.1. | An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí – Deontas riaracháin agus spensas ginearálta | | 5,499 | 5,578 |
| R.2. | An Ghníomhaireacht Náisiúnta do | | 1,622 | - |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Thomhaltóirí – Deontas d'fhaisnéis airgeadais agus feidhmeanna oideachais | | | |
| R.3. | Tacaíocht do Thomhaltóirí | | - | 29 |
| S.1. | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Cláraitheoir na gCara-chumann – Deontas riaracháin agus spensas ginearálta | | 7,463 | 7,897 |
| S.2. | Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (Deontas i gCabhair) | | 1,442 | 1,282 |
| S.3. | An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | | 55 | 57 |
| **Sláinte agus Sábháilteacht** | | | | |
| T. | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta – Deontas riaracháin agus spensas ginearálta | | 19,828 | 20,059 |
| **Seirbhísí Eile** | | | | |
| U. | Taighde | | 1 | 25 |
| V. | Creatchoiste Náisiúnta do Pholasaithe Cothromaíochta Oibre agus Saoil | | - | 54 |
| W. | Síntiúis d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, etc. | | 17,855 | 17,457 |
| X.1. | Coimisiúin, Coistí agus Fiosrúcháin Speisialta | | 207 | 299 |
| X.2. | Íocaíochtaí ilghnéitheacha | | 78 | 356 |
| X.3. | Aoisliúntais agus Pinsin do Bhaill na Cúirte Oibreachais, Coimisiún un Chleachtais Shriantacha | | 587 | 561 |
| X.4. | Árachas Creidmheasa Easpórtála – Aisíocaíocht don Státchiste | | 7 | 32 |
| | **Ollchaiteachas** | | | |
| | *Bunaidh* | | | |
| | *Breise* | **900,469 1** | **844,612** | **1,151,165** |
| Y. | **Bain as Leithghabháil i gCabhair** | | **56,085** | **81,724** |
| | **Glanchaiteachas** | | | |
| | *Bunaidh* | | | |
| | *Breise* | **844,840 1** | **788,527** | **1,069,441** |
| | **Barrachas don bhliain** | | **€ 56,314,575** | **€ 41,824,150** |
| | **Tabhairt Suas Iarchurtha** | | **€ 18,125,000** | **-** |
| | **Barrachas le tabhairt suas** | | **€ 38,189,575** | **€ 41,824,150** |

[1] Fo-cheannteidil do Sheirbhísí Comhairliúcháin (A.7) agus Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Polasaí (A.12) cónasctha le feidhm ón 1 Eanáir 2011 agus léirítear anois iad mar fho-cheannteideal amháin (A.7)

[2] Léiríodh eilimintí caipitil agus eilimintí reatha de chlár an PRTLI go scartha i 2010, agus tá siad cónasctha anois i bhfo-cheannteideal amháin (F.3).

[3] Seirbhís aistrithe chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna le feidhm ón 1 Bealtaine 2010.

[4] Fo-cheannteideal scarhta ar 31 Nollaig 2010

# Aguisín 2

# Billí a Foilsíodh i 2011

Bille na bPaitinní (Leasú) 2011

An Bille Iomaíochta (Leasú) 2011

An Bille um Chosaint Fhostaithe (Obair Shealadach Ghníomhaireachta) 2011

An Bille Caidrimh Thionscail (Leasú) (Uimh.3) 2011

Déanadh anailís tionchair rialála agus foilsíodh iad do gach ceann de na Billí seo.

# Aguisín 3

## Ionstraimí Reachtúla a déanadh i 2011

I.R. Uimh. 709 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceart an Ealaíontóra chun Athdhíola) (Leasú) 2011

I.R. Uimh. 712 de 2011 Na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriliam Mhiondíola agus Phríobháideach) (Leasú) 2011

I.R. Uimh. 685 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iniúchtaí Reachtúla)(Treoir 2006/43/EC) (Leasú) 2011

I.R. Uimh. 491 de 2011 An tOrdú um an Acht Iomaíochta (Alt 10) (Tosach Feidhme) 2011

I.R. Uimh. 487/2011 – An tOrdú fán Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 (Alt 110) (Tosach Feidhme) 2011

I.R. Uimh. 380 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An tAcht Fhaisnéise agus Comhchomhairle Thrasnáisiúnta d'Fhostaithe 1996) (Leasú) 2011

I.R. Uimh. 349 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus úsáid Brú-Threalamh Iniompair) 2011

I.R. Uimh. 346 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Laistigh den Chomhphobal ar Tháirgí a Bhaineann le Cosaint) 2011

I.R. Uimh. 331 de 2011 An tOrdú fán Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (Alt 11) (Uimh. 2) 2011

I.R. Uimh. 316 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Calabrú ar Dhabhcha Árthaí) 1976 (Cúlghairm) 2011

I.R. Uimh. 314 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (An tSiria) 2011

I.R. Uimh. 310 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Innealra) (Leasú) 2011

I.R. Uimh. 306 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumaisc agus Roinnt Chuideachaí ) (Leasú) 2011

I.R. Uimh. 248 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Earraí Aispeiste) 2011

I.R. Uimh. 242 de 2011 An tOrdú um Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht (Tarmligean ar Fheidhmeanna Aireachta) (Uimh. 5) 2011

I.R. Uimh. 241 de 2011 An tOrdú um Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht (Tarmligean ar Fheidhmeanna Aireachta) (Uimh. 4) 2011

I.R. Uimh. 237 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (an Eiritré) 2011

I. R. Uimh. 213 de 2011 An tOrdú Rialaithe Fostaíochta (Comhchoiste Oibreachais Ghrósaeracht Mhiondíola agus Comhcheardaithe) 2011

I.R. Uimh. 203 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Éicidheartha do Tháirgí Áirithe a úsáideann Fuinneamh) 2011

I.R. Uimh. 117 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (An Libia) 2011

I.R. Uimh. 113 de 2011 Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 (Daoine Forordaithe) 2011

I.R. Uimh. 102 de 2011 Na Rialacháin faoi Acht na gCeimiceán, 2011

I.R. Uimh. 86 de 2011 An tOrdú um Rialú Easpórtála (Gníomhaíochtaí Bróicéireachta) 2011

I.R. Uimh. 79 de 2011 Rialacha na bPaitinní (Leasú) 2011

I.R. Uimh. 74 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (An Iaráin) (Leasú) 2011

I.R. Uimh. 73 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tomhaltóirí a Chosaint i Leith Chonarthaí a bhaineann le Comhroinnt Ama, Táirge Saoire Fadtréimhse, Athdhíol agus Malartú) 2011

I.R. Uimh. 72 de 2011 An tOrdú um an Acht Iomaíochta 2002 (Alt 34(11)) (an tÚdarás Náisiúnta Iompair) 2011

I.R. Uimh. 71 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha i gcoinne Daoine agus Eintiteas Áirithe a bhaineann le hUsama Bin Laden, le Líonra Al-Quiada agus leis an Talaban) (Leasú) 2011

I.R. Uimh. 63 de 2011 An tOrdú um Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht (Tarmligean ar Fheidhmeanna Aireachta) (Uimh. 3) 2011

I.R. Uimh. 62 de 2011 An tOrdú um Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht (Tarmligean ar Fheidhmeanna Aireachta) (Uimh. 2) 2011

I.R. Uimh. 61 de 2011 An tOrdú um Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht (Tarmligean ar Fheidhmeanna Aireachta) 2011

I.R. Uimh. 45 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (An Iaráin) 2011

I.R. Uimh. 41 de 2011 Rialacháin an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha (Táillí) (Leasú) 2011

I.R. Uimh. 14 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sábháilteacht Bhrégán) 2011

I.R. Uimh. 13 de 2011 An tOrdú fán Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (Alt 11) 2011

I.R. Uimh. 412 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (An Libia) 2011

I.R. Uimh. 413 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (Leasú) 2011

I.R. Uimh. 415 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha i gcoinne Daoine agus Eintiteas Áirithe a bhaineann le hUsama Bin Laden, le Líonra Al-Quiada agus leis an Talaban) (Leasú) (Uimh. 2) 2011

I.R. Uimh. 535 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Laistigh den Chomhphobal ar Tháirgí a Bhaineann le Cosaint) (Leasú) 2011

I.R. Uimh. 725 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (An Afganastáin) 2011

I.R. Uimh. 726 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (An tSiria) (Leasú) 2011

I.R. Uimh. 727 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (Poblacht Dhaonlathach an Chongó) 2011